



An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025  
(OR. en)

12680/25

**PARLNAT 107**  
**PARLNAT**

### **NÓTA CLÚDAIGH**

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Tuarascáil ón gCoimisiún Tuarascáil Bhliantúil 2024 Maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus maidir le caidreamh leis na Parlaimintí náisiúnta

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 473 final.

Faoi iamh: COM(2025) 473 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséal, 8.9.2025  
COM(2025) 473 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024**

**MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM PHRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA  
COMHRÉIREACHTA AGUS MAIDIR LE CAIDREAMH LEIS NA PARLAIMINTÍ  
NÁISIÚNTA**

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

## MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM PHRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHRÉIREACHTA AGUS MAIDIR LE CAIDREAMH LEIS NA PARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA

### 1. RÉAMHRÁ

Is í seo an 32ú tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta arna tiolacadh faoi Airteagal 9 den Phrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm (Prótacal Uimh. 2). Ó bhí 2018 ann, cumhdaítear caidreamh an Choimisiúin leis na Parlaimintí náisiúnta sa tuarascáil freisin, parlaimintí a bhfuil ról ríthábhachtach acu i gcur i bhfeidhm na bprionsabal sin.

Le hionchuir ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ó Choiste Eorpach na Réigiún, cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo na forbairtí i gcur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus i gcaidreamh an Choimisiúin leis na Parlaimintí náisiúnta in 2024. Cuirtear i láthair inti freisin roinnt treochtaí a tugadh faoi deara i gcéad téarma oifige an Uachtaráin von der Leyen ó 2019 go 2024.

Ba í an bhliain 2024 cothrom 15 bliana chur i bhfeidhm Chonradh Liospóin, lenar tugadh isteach leibhéal níos airde grinnscrúdaithe pharlaimintigh agus cuntasachta daonlathaí san Aontas. Thar na blianta, bhain na Parlaimintí náisiúnta úsáid as an sásra rialaithe coimhdeachta go pointí éagsúla, agus rinne an Coimisiún é a oiriúnú a mhéid is féidir chun é a dhéanamh níos solúbtha. D'iarr na Parlaimintí náisiúnta go ndéanfaí athruithe breise<sup>1</sup> a mbeadh leasú ar an gConradh ag teastáil le haghaidh cuid acu. Comhlánaítear an sásra rialaithe coimhdeachta leis an idirphlé polaitiúil a tugadh isteach in 2006. I dteannta a chéile, is cuid de cheapadh beartas an Aontais iad agus áirithíonn siad go dtugtar éisteacht do ghuthanna na bParlaimintí náisiúnta mar is ceart ar leibhéal an Aontais.

I dtéarmaí treochtaí ginearálta, tá laghdú tagtha ar an líon tuairimí ó na Parlaimintí náisiúnta le blianta beaga anuas<sup>2</sup>, agus tá méadú tagtha ar thábhacht an idirphlé pholaitiúil leis an gCoimisiún do na Parlaimintí náisiúnta sa mhéid agus go bhfuil roinnt acu ag léiriú níos mó spéise i bheith rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais ag céim níos luaithe<sup>3</sup>. Tá sé ráite arís agus

---

<sup>1</sup> Chun teacht ar mhachnamh na bParlaimintí náisiúnta ar a ról féin i gceapadh beartas an Aontais agus in athchóiriú an tsásra rialaithe coimhdeachta agus an idirphlé pholaitiúil, féach, mar shampla le déanaí, Conclúidí 2022 ó Mheitheal COSAC maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach ([https://ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/082d290881a511e50181aac72ddd0080/Conclusions\\_Cosac\\_working\\_group\\_role\\_of\\_NP\\_in\\_the\\_EU\\_June2022\\_ENVFinale.pdf](https://ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/082d290881a511e50181aac72ddd0080/Conclusions_Cosac_working_group_role_of_NP_in_the_EU_June2022_ENVFinale.pdf)). Athdhearbhaíodh na príomhiarrataí ag cruinniú iomlánach an LXXII COSAC i mBúdaipeist i mí Dheireadh Fómhair 2024 nuair a rinne na Parlaimintí náisiúnta machnamh ar thaithí 15 bliana a ngníomhaíochtaí faoi Chonradh Liospóin (<https://ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/8a8629a892fab4390192fbf3bf710003/Minutes+of+the+LXXII+COSAC+-+Budapest+-+28-29+October+2024.pdf>).

<sup>2</sup> Féach na staitisticí i Roinn 3.1.

<sup>3</sup> Féach ráiteas na bParlaimintí náisiúnta mar chuid d'Ionchur an LXXII Comhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais (COSAC), pointe 14, gur léiríodh gur gníomhaithe gníomhacha iad i ngrinnscrúdú *ex ante* a dhéanamh ar bheartais an Aontais agus tionchar a imirt ar dhreachtreachtaíocht an Aontais trí úsáid a bhaint as an idirphlé polaitiúil agus as na seiceálacha coimhdeachta faoi Phrótacail Uimh. 1 agus Uimh. 2 de Chonradh Liospóin (<https://secure.ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/8a8629a8930500d90193061c58d60005/LXXII+COSAC+Conclusions+EN.pdf>).

arís eile ag an gCoimisiún<sup>4</sup> go bhfuil sé réidh chun an t-idirphlé comhthairbheach leis na Parlaimintí náisiúnta a neartú a thuilleadh trí na bealaí seanbhunaithe cumarsáide agus comhair. Spreag sé na Parlaimintí náisiúnta le leanúint d'acmhainneacht iomlán na n-ionstraimí atá i bhfeidhm cheana a fhorbairt agus a úsáid chun ár n-athléimneacht dhaonlathach a neartú agus chun dul i ngleic le príomhdhúshláin straitéiseacha go héifeachtach, idir dhúshláin pholaitiúla agus dúshláin institiúideacha.

Ba idirbhliain í 2024 idir dhá théarma oifige de chuid an Choimisiúin. Bhí tionchar aige sin ar dhéine rialú coimhdeachta na bParlaimintí náisiúnta agus ar an idirphlé polaitiúil leis an gCoimisiún. Sna hidirbhlianta, tagann laghdú de ghnáth ar líon na dtuairimí, na dtuairimí réasúnaithe, na gcuairteanna agus na gcruinnithe le Comhaltaí an Choimisiúin, agus ar rannpháirtíocht Chomhaltaí an Choimisiúin in imeachtaí idirpharlaiminteacha. B'amhlaidh an cás in 2024 freisin, cé nach raibh an laghdú chomh mór céanna le 2019, an idirbhliain roimhe sin. Fuair an Coimisiún 252 thuairim, ar tuairimí réasúnaithe iad 14 díobh.

## **2. CUR I BHFEIDHM PHRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHRÉIREACHTA AG NA HINSTITIÚIDÍ**

### **2.1. AN COIMISIÚN**

#### **Na gealltanais maidir le rialáil níos fearr a chur chun feidhme**

Tá córas cuimsitheach an Choimisiúin um rialáil níos fearr bunaithe ar na treoirlínte agus ar an mbosca uirlisí a glacadh in 2021<sup>5</sup> agus tá sé rangaithe ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal is airde<sup>6</sup>. Tugadh cothrom le dáta arís é i mí Iúil 2023 nuair a tugadh isteach seiceáil nua ar iomaíochas mar iarscríbhinn shainordaitheach a ghabhann le measúnuithe tionchair<sup>7</sup>.

Mar a tharla sa dá bhliain roimhe sin, bhain an Coimisiún toradh dearfach amach le cur chun feidhme a chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', lena ndéantar gach ualach riaracháin nua ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh a fhritháireamh trí ualaí atá ann cheana sa réimse beartais céanna a laghdú. Thairis sin, shaothraigh agus neartaigh sé an cuspóir atá aige laghdú 25-35 % ar a laghad a chur ar an ualach riaracháin<sup>8</sup> mar a fógraíodh i gclár oibre 2024 an Choimisiúin, gan dochar a dhéanamh do na cuspóirí beartais gaolmhara.

#### **Ionchur maidir le simpliú agus laghdú ualaigh tríd an ardán 'Réidh don Todhchaí'**

---

<sup>4</sup> Féach freagra an Choimisiúin ar Ionchur chruinniú iomlánach an LXVIII Comhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais (COSAC) a glacadh i bPrág, an 13-15 Samhain 2022 (<https://ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/8a8629a89541775f0195474fb16e0031/Commission+reply+to+the+LXXII+COSAC+Contribution.pdf>) agus ar ionchur chruinniú iomlánach an LXXII COSAC i mí Dheireadh Fómhair 2024 (<https://ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/8a8629a89541775f0195474fb16e0031/Commission+reply+to+the+LXXII+COSAC+Contribution.pdf>).

<sup>5</sup> [Rialáil níos fearr: treoirlínte agus bosca uirlisí \(europa.eu\)](#); féach freisin an Teachtaireacht maidir le Rialáil Níos Fearr COM(2021) 219 final.

<sup>6</sup> [Ionchas an bheartais rialála 2021 ó ECFE | en | ECFE](#).

<sup>7</sup> Mar a fógraíodh sna Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais agus maidir le faoiseamh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (an Pacáiste Fóirithinte do FBManna): COM(2023) 168 final agus COM(2023) 535 final.

<sup>8</sup> [Clár Oibre 2024 an Choimisiúin](#); is é an sprioc atá ann anois laghdú 25 % ar a laghad ar an ualach riaracháin ar fad agus laghdú 35 % ar a laghad i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide.

In 2024, ghlac an t-ardán ‘Réidh don Todhchaí’<sup>9</sup> – sainghrúpa ardleibhéil a chuidíonn leis an gCoimisiún dlíthe an Aontais a shimpliú agus ualach rialála nach bhfuil gá leo a laghdú – 8 dtuairim<sup>10</sup>. Bhí cuid acu tráthúil i gcomhthéacs chuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe maidir le tuairisciú uathoibríthe inbhuanaitheachta, gníomhaíochtaí agus modheolaíocht chun carnadh na n-oibleagáidí tuairiscithe neamhriachtanacha agus an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe a sheachaint. Mar shampla: chuir dhá thuairim bonn eolais faoi mheastóireachtaí leanúnacha an Choimisiúin ar chistí an Aontais<sup>11</sup>; bhí tuairim eile dírithe ar mheastóireacht ar bheartais<sup>12</sup>; agus dhá thuairim a bhain le táirgí orgánacha<sup>13</sup>. Le roinnt mhaith de na tuairimí sin, cuireadh smaointe ar aghaidh maidir le simpliú agus laghdú ualaigh ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach freisin.

Chuir líonra RegHub<sup>14</sup> de chuid Choiste Eorpach na Réigiún le hobair an ardáin ‘Réidh don Todhchaí’ maidir le tuairimí i dtaca le cistí an Aontais.

## Measúnuithe tionchair

Déanann an Coimisiún anailís ar chomhlíontacht le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta ina mheasúnuithe tionchair a ullmhaítear le haghaidh tograí beartais agus reachtacha atá íogair agus tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de. De réir Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa<sup>15</sup>, tá feabhas seasta tagtha ar mheáncháilíocht na gné sin i measúnuithe tionchair. Tá na measúnuithe sin faoi réir rialú cáilíochta neamhspleách ag an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála<sup>16</sup> a rinne grinnscrúdú ar thrí mheasúnú tionchair in 2024.

Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, tá ábharthacht ar leith ag baint le gnéithe trasteorann – mar a cuireadh i dtábhacht, mar shampla, sa mheasúnú tionchair ar an togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal<sup>17</sup>. An réasúnaíocht atá le hidirghabháil phoiblí ar leibhéal an Aontais tríd an Treoir maidir le seirbhísí faisnéise tráchta

---

<sup>9</sup> Baineann an tArdán ‘Réidh don Todhchaí’ leas as saineolas agus taithí na leibhéal rialachais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara. Cuimsítear dhá ghrúpa leis: an grúpa rialtais (ionadaithe ó údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ó na Bhallstáit uile den Aontas Eorpach, agus ó Choiste Eorpach na Réigiún) agus an grúpa páirtithe leasmhara (saineolaithe maidir le rialáil níos fearr a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí agus ar eagraíochtaí neamhriachtanacha, chomh maith le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa). Féach [https://commission.europa.eu/law/law-making-process/evaluating-and-improving-existing-laws/refit-making-eu-law-simpler-less-costly-and-future-proof/fit-future-platform-f4f\\_ga](https://commission.europa.eu/law/law-making-process/evaluating-and-improving-existing-laws/refit-making-eu-law-simpler-less-costly-and-future-proof/fit-future-platform-f4f_ga).

<sup>10</sup> Is iad seo a leanas na teidil a bhí orthu: 1. Tuairisciú uathoibríthe inbhuanaitheachta; 2. Gníomhaíochtaí/modheolaíocht chun carnadh na n-oibleagáidí tuairiscithe neamhriachtanacha a sheachaint; 3. Nochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht san earnáil airgeadais; 4. Meastóireacht ar chleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia; 5. Meastóireacht ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+); 6. Meastóireacht ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ar an gCiste um Aistriú Cóir; 7. Cóid QR ar tháirgí; 8. Táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha.

<sup>11</sup> Ciste Sóisialta na hEorpa + agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir.

<sup>12</sup> Cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia.

<sup>13</sup> Cóid QR agus táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha.

<sup>14</sup> Is líonra d’údarais áitiúla agus réigiúnacha é RegHub arb é is aidhm dó taithí a bhailiú maidir le cur chun feidhme bheartais an Aontais trí dhul i gcomhairle le gníomhaithe ar an leibhéal áitiúil: <https://portal.cor.europa.eu/reghub/Pages/default.aspx>. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi obair líonra RegHub, féach Roinn 2.4.

<sup>15</sup> Staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (mí Feabhra 2025) [maidir le hanailís ar cháilíocht mheasúnuithe tionchair an Choimisiúin Eorpaigh | Meitheal Mhachnaimh | Parlaimint na hEorpa](#)

<sup>16</sup> [https://commission.europa.eu/law/law-making-process/regulatory-scrutiny-board\\_ga](https://commission.europa.eu/law/law-making-process/regulatory-scrutiny-board_ga).

<sup>17</sup> COM(2024) 33 final. Spreag an togra sin tuairim réasúnaíche ó *Riksdag* na Sualainne a chumhdaítear sa tuarascáil seo faoi roinn 3.2.

abhann, tá sí fréamhaithe sa ghné trasteorann idirnáisiúnta d'earnáil an iompair uiscebhealaí intíre. Is iompar trasteorann atá i mbreis agus 75 % den loingseoireacht intíre san Aontas. Tá gá le gníomhaíochtaí comhordaithe AE chun an margadh aonair a neartú. Leis sin, sheachnófaí ilroinnt idir cuir chuige náisiúnta éagsúla i ndáil le cur chun feidhme na seirbhísí faisnéise tráchta abhann.

## **Meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta**

Is gnéithe fíor-riachtanacha iad prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta freisin le haghaidh meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta, ar nithe iad ina ndéantar measúnú ar cibé ar bhain gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais na torthaí a raibh coinne leo amach i dtéarmaí éifeachtúlachta, éifeachtachta, comhleanúnachais, ábharthachta agus breisluacha AE. Cuidíonn meastóireachtaí freisin le measúnú a dhéanamh ar cé acu a leanann nó nach leanann gníomhaíocht AE de phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chomhlíonadh.

In 2024, rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála grinnscrúdú ar 17 mórmheastóireacht agus ar 2 sheiceáil oiriúnachta.

Dá bhrí sin, sa mheastóireacht ar Chlár Spáis an Aontais agus ar fheidhmíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis<sup>18</sup>, cuirtear i dtábhacht, mar shampla, go dteastaíonn ardleibhéal infheistíochta ó chúrsaí spáis chun torthaí a bhaint amach agus chun an neamhspleáchas is gá a bhaint amach don Eoraip; ní féidir le haon tír amháin torthaí suntasacha a bhaint amach ina haonar ná ní hacmhainn d'aon tír amháin clár mór spáis. I bhfianaise mhéid agus chastacht na gclár, ní mór iad a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais ó tharla nach bhfuil aon rogha mhalartach inmharthana ann a d'áiríteadh toradh iomchuí ar infheistíocht.

I ndáil leis sin, léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)<sup>19</sup> gur baineadh amach cuspóir bheartas an Aontais i réimse bhainistiú na teorainneacha seachtracha – is é sin bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ar comhthoradh is gá é i leith saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas. Cuidíonn Frontex leis na Ballstáit bainistiú éifeachtach teorainneacha a chur chun feidhme. Ceapadh a shainordú faoi chuimsiú na freagrachta comhroinnte, agus é mar aidhm ag cúraimí Frontex tacaíocht do na Ballstáit a áirithiú maidir le teorainneacha seachtracha agus fillteacha a bhainistiú go héifeachtach. Tugann Frontex breisluach AE do na Ballstáit trí fhoireann agus trealamh breise a sholáthar chomh maith le comhordú a dhéanamh ar oibríochtaí comhpháirteacha agus ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile nach mbeadh na Ballstáit in ann a bhaint amach astu féin.

## **2.2. PARLAIMINT NA hEORPA<sup>20</sup>**

In 2024, fuair Parlaimint na hEorpa 152 aighneacht ó na Parlaimintí náisiúnta faoi Phrótocal Uimh. 2. As na haighneachtaí sin, tuairimí réasúnaithe a bhí i 14 díobh agus ionchuir eile a bhí i 136 díobh nár léirigh ábhair inní maidir leis an gcoimhdeacht. Lena ais sin, fuair sí 294 aighneacht in 2023, ar tuairimí réasúnaithe iad 22 díobh.

Nuair a fhaigheann Parlaimint na hEorpa aighneachtaí ó na Parlaimintí náisiúnta, seoltar iad chuig an gCoiste/na coistí ábhartha de réir Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa<sup>21</sup>. Ba iad Gilles

---

<sup>18</sup> SWD(2024) 173 final.

<sup>19</sup> SWD(2024) 75 final.

<sup>20</sup> Tá Ranna 2.2. go 2.4. den tuarascáil seo bunaithe ar ionchuir ó institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais.

<sup>21</sup> De réir Riail 43, má sheolann Parlaimint náisiúnta tuairim réasúnaithe chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, cuirtear í faoi bhráid an choiste atá freagrach as an ábhar agus cuirtear ar aghaidh mar fhaisnéis í chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dílíthiúla (JURI), atá freagrach as urraim do phrionsabal na coimhdeachta.

Lebreton (ID/FR) agus Ton Diepeveen (Pfe/NL) na buanrapóirtéirí ar choimhdeacht sa Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) sa chéad agus sa dara leath de 2024 faoi seach. Na tuairimí réasúnaithe a fhaigheann an Coiste agus a bhíonn deimhnithe aige, cuirtear san áireamh iad mar fhaisnéis ar chlár oibre an chéad chruinnithe eile den Choiste JURI. Cuirtear ionchur an Choiste san áireamh freisin sna tuarascálacha leathbhliantúla ó Chomhdháil na gCoistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh (COSAC) i dtaca le ceisteanna a bhaineann le coimhdeacht agus comhréireacht.

Lean Seirbhís Taighde Parlaiminteach na hEorpa uirthi ag cuidiú le Feisirí agus coistí Parlaimint na hEorpa breithnithe na coimhdeachta agus na comhréireachta a ionchorprú ina gcuid oibre<sup>22</sup> tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- grinnscrúdú córasach ar ghnéithe na coimhdeachta agus na comhréireachta de mheasúnuithe tionchair an Choimisiúin agus aird a thabhairt ar aon ábhar inní a chuirtear in iúl, go háirithe ag na Parlaimintí náisiúnta agus ag Coiste Eorpach na Réigiún;
- a áirithiú go gcloíonn obair Parlaimint na hEorpa féin go hiomlán leis na prionsabail sin, mar shampla trí mheasúnuithe tionchair a dhéanamh ar a leasuithe substaintiúla féin nó trí anailís a dhéanamh ar an mbreisluch a bhaineann lena tograí le haghaidh reachtaíocht nua bunaithe ar Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sin agus anailís a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le gan aon ghníomhaíocht AE a dhéanamh;
- grinnscrúdú ar ghnéithe na coimhdeachta agus na comhréireachta agus measúnuithe tionchair á ndruchtú, ag díriú ar bhreisluch AE.

### 2.3. COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

In 2024, lean Comhairle an Aontais Eorpaigh ('an Chomhairle') d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na gconclúidí a ghlac an Chomhairle agus an Chomhairle Eorpach sna blianta roimhe sin maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta<sup>23</sup>.

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta freisin, go háirithe simpliú rialála agus bealaí chun an t-ualach rialála ar shaoránaigh, ar chuideachtaí, agus ar na Ballstáit a laghdú. Ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17-18 Aibreán 2024, chuir ceannairí an Aontais i dtábhacht gur cheart don chreat rialála 'an deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a áirithiú, a bheith níos comhtháite, comhleanúnach ar fud na réimsí beartais, a bheith ar oscailt do chuir chuige nuálacha agus a bheith digiteach mar réamhshocrú, agus ag an am céanna, an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Agus creatlach eacnamaíoch an Aontais á cur san áireamh, ba cheart don

---

<sup>22</sup> In 2024, rinne sí 19 mbreithmheas tosaigh ar mheasúnuithe tionchair an Choimisiúin, measúnú tionchair comhlántach amháin, 8 mbreithmheas ar an gcur chun feidhme, 4 sheicliosta rollacha mhionsonraithe agus staidéar meastóireachta *ex post* amháin. Maidir le breisluch AE, bhí 5 tuarascáil ann freisin maidir le costas na neamh-Eorpa agus bhí foilseachán amháin ann i ndáil le breisluch. Ar an iomlán, le linn na 5 bliana den tréimhse reachtach dheireanach, idir mí Iúil 2019 agus mí an Mheithimh 2024, chuir Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa 362 fhoilseachán san iomlán ar fáil a thacaigh le coistí parlaiminteacha.

<sup>23</sup> Go háirithe iad siúd a luadh cheana i Roinn 2.3 den eagrán roimhe seo den tuarascáil bhliantúil seo: Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le Clár Oibre an Mhargaidh Aonair a chomhlánú a thuilleadh (EUCO 17/18, pointí II/2 agus IV/15 agus doiciméad EUCO 13/20, pointe II/4; agus, i dtéarmaí cur chun feidhme, doiciméad ST 11654/21 ón gComhairle); Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialáil Níos Fearr – iomaíochas agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú (Doiciméad ST 6232/20 ón gComhairle, pointí 2 agus 12); Conclúidí ón gComhairle maidir le boscaí gainimh rialála agus clásail turgnamhaíochta mar uirlisí le haghaidh creat rialála athléimneach atá fabhrach don nuálaíocht, a bheidh slán i bhfad na haimsire agus a sháróidh dúshlán shuaiteacha sa ré dhigiteach (Doiciméad ST 13026/1/20 REV 1 ón gComhairle, pointí 3 agus 12); Conclúidí ón gComhairle maidir le teicneolaíochtaí sonraí chun feabhas a chur ar Rialáil Níos Fearr (IO C 241, 21.6.2021, lch. 13).

Choimisiún an prionsabal ‘tús áite d’fhiontair bheaga’ a chur i bhfeidhm agus reachtaíocht nua á ceapadh aige.’ D’iarr siad ar an gCoimisiún freisin ‘an t-ualach riaracháin agus comhlíonta ar chuideachtaí agus ar údaráis náisiúnta a laghdú ar bhealach suntasach, an ró-rialáil a chosc agus forfheidhmiú rialacha an Aontais a áirithiú’ agus chuir siad i dtábhacht ‘a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme go tráthúil agus i gceart, agus ró-thrasúí á sheachaint.’<sup>24</sup>

An 24 Bealtaine 2024, d’fhreagair an Chomhairle trí dhá shraith conclúidí a ghlacadh maidir le ‘Margadh Aonair ar chun tairbhe do chách’<sup>25</sup> agus ‘Tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach’<sup>26</sup>:

- á chur i dtábhacht ‘nach mór margadh aonair lánfheidhmiúil a bheith bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta’<sup>27</sup>;
- agus á chur i dtábhacht ‘an ngá atá le simpliú práinneach uailmhianach a dhéanamh ar chreat rialála an Aontais (*‘choc de simplification’*)’<sup>28</sup>;
- ina meabhraítear ‘na conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht<sup>29</sup> inar cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé beartais a shaothrú i gcomhréir le prionsabail Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi leith agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair agus atá ar na bacáin’<sup>30</sup>.

In 2024, chuir an Chomhairle togra reachtach amháin ar aghaidh chuig na Parlaimintí náisiúnta a tháinig ón mBanc Eorpach Infheistíochta<sup>31</sup>.

I dteannta na n-oibleagáidí i leith na gConarthaí, coinníonn an Chomhairle na Ballstáit ar an eolas faoi thuairimí réasúnaithe na bParlaimintí náisiúnta maidir le tograí reachtacha. In 2024, dháil Ardrúnaíocht na Comhairle 14 thuairim réasúnaithe a fuarthas faoi Phrótocal Uimh. 2 maidir le 11 dhréachtghníomh reachtacha éagsúla agus 89 dtuairim a eisíodh mar chuid den idirphlé polaitiúil.

Gach bliain, faigheann an Chomhairle tuairimí maidir le gníomhartha neamhreachtacha. D’fhan an líon sin cobhsaí le blianta beaga anuas. In 2024, fuair an Chomhairle 72 thuairim den sórt sin.

## 2.4. COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

D’oibrigh Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) ar choimhdeacht, comhréireacht agus rialáil níos fearr, faoi threoir na dtosaíochtaí dá théarma oifige 2020-2025, agus chuir sé cultúr gníomhach coimhdeachta chun cinn trína ghníomhaíochtaí. Ghlac sé 53 thuairim agus 4 rún<sup>32</sup>. I leath de na

---

<sup>24</sup> EUCO 12/24, pointí 19 agus 20.

<sup>25</sup> Doiciméad ST 10298/24 ón gComhairle.

<sup>26</sup> Doiciméad ST 10127/24 ón gComhairle.

<sup>27</sup> Doiciméad ST 10298/24 ón gComhairle, pointe I/1/4.

<sup>28</sup> Doiciméad ST 10298/24 ón gComhairle, pointe II/8.

<sup>29</sup> Doiciméad ST 6681/23 + COR 1 ón gComhairle.

<sup>30</sup> Doiciméad ST 10298/24 ón gComhairle, pointe III/25.

<sup>31</sup> Le fáil ar chláir poiblí na Comhairle (CM 5236/24).

<sup>32</sup> Chun mionsonraí iomlána a fháil, féach [EUR-Lex \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu).

tuairimí<sup>33</sup> agus rúin<sup>34</sup> sin, áiríodh tagairtí sainráite do chomhlíonadh phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, sin nó moltaí coincreíteacha chun feabhas a chur ar chomhlíonadh na bprionsabal sin.

Sa tuairim féintionscnaimh ‘An choimhdeacht ghníomhach: bunphrionsabal de chlár oibre an Aontais maidir le rialáil níos fearr’<sup>35</sup>, cuireadh i dtábhacht go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach comhtháite i rith an timthrialla cinnteoireachta, rud is féidir a bhaint amach trí úsáid chórasach, chomhsheasmhach, agus leanúnach a bhaint as uirlisí éagsúla um rialáil níos fearr, amhail measúnuithe lena gcumhdaítear coimhdeacht, comhréireacht, tionchar críochach agus promhadh leas na tuaithe. Mar obair leantach, ghlac Grúpa Stiúrtha um Rialáil Níos Fearr agus Coimhdeacht Ghníomhach (SSG) CnaR sraith moltaí maidir le beartas agus bosca uirlisí CnaR um rialáil níos fearr a fhorbairt agus a fheabhsú<sup>36</sup>, arb é is aidhm dóibh uirlisí CnaR um rialáil níos fearr a chuíchóiriú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh. An 11ú Comhdháil maidir le Coimhdeacht<sup>37</sup>, atá tiomnaithe do ‘Rialáil níos fearr agus coimhdeacht ghníomhach: eochracha le haghaidh Aontas a dhéanann beart de réir a bhriathair’, bhí tábhacht ar leith ag baint leis ós rud é gur reáchtáladh í i gcomhthráth le tús an téarma institiúidigh nua. Iarradh i gConclúidí na Comhdhála<sup>38</sup> freisin go nglacfaí an cur chuige cuimsitheach sin faoin téama ‘Rialáil níos fearr agus coimhdeacht ghníomhach: eochracha le haghaidh Aontas a dhéanann beart de réir a bhriathair’.

Stiúir SSG na huirlisí éagsúla um rialáil níos fearr atá ag CnaR, agus an comhleanúnachas agus na sineirgí eatarthu á n-áirithiú aige, sin agus rannchuidiú na n-údarás áitiúil agus réigiúnach le rialáil níos fearr san Aontas ar feadh a saolré á chur chun cinn aige, ón gceapadh go dtí an mheastóireacht *ex post*. Áiríodh leis sin na céimeanna a bhaineann le treochtaí agus fadhbanna a shainaitheint go luath (trí fhadbhreathnaitheacht straitéiseach), forbairt beartais (trí fhaireachán ar an gcoimhdeacht agus ar an gcomhréireacht, measúnuithe tionchair chríochoaigh agus promhadh leas na tuaithe), athbhreithniú reachtach (lena ndírítear ar an gcur chun feidhme tríd an líonra RegHub) agus athbhreithniú beartais a d’fhéadfaí a dhéanamh (trí rannchuidiú CnaR leis an ardán ‘Réidh don Todhchaí’).

Bhí faireachán CnaR ar an gcoimhdeacht<sup>39</sup> á threorú ag a chlár oibre bliantúil um an gcoimhdeacht

---

<sup>33</sup> 26 thuairim as 53 cinn san iomlán. As na 53 thuairim, baineann 10 gcinn le gníomhartha dlí, agus tagraíonn 7 gcinn do phrionsabal na coimhdeachta. Ní bhaineann na 43 thuairim eile le tograí reachtacha, agus d’fhéadfadh sé go ndéantar tagairt iontu, nuair is iomchuí, do phrionsabal na coimhdeachta de réir Rialacha Níos Meachta CnaR, Riail 55.2. As na tuairimí sin, luaitear an choimhdeacht i 19 gcinn, agus ní thagraítear go sainráite di i 24 cinn.

<sup>34</sup> 2 rún as 4 cinn. Sa rún ó CnaR [Staid na Réigiún agus na gCathracha san Aontas Eorpach agus na treoirlínte polaitiúla do Choimisiún Eorpach 2024-2029](#), cuirtear i dtábhacht go bhfuil an choimhdeacht ghníomhach agus rannpháirtíocht iomlán na n-údarás áitiúil agus réigiúnach rithábhachtach chun feabhas a chur ar chreat rialála an Aontais. Tacaíonn sé leis na moltaí i dtuarascáil Draghi an choimhdeacht a chur i bhfeidhm go cliste agus go gníomhach, agus cuirtear i dtábhacht gur gá an acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

<sup>35</sup> [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C\\_202405366&qid=1703059324693](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202405366&qid=1703059324693).

<sup>36</sup> Na moltaí maidir le [beartas agus bosca uirlisí CnaR um rialáil níos fearr a fhorbairt agus a fheabhsú](#) agus an iarscríbhinn a ghabhann leo, arb é is ábhar di [inbhuanaitheacht agus uasghrádú ghníomhaíochtaí CnaR maidir le rialáil níos fearr a áirithiú](#). Ar an gcaoi chéanna, sa staidéar dar teideal [Charting the course to better EU law-making: optimisation of EU Treaties through inter-institutional cooperation with the European Committee of the Regions](#) [An bealach a réiteach do reachtóireacht níos fearr san Aontas: an leas is fearr is féidir a bhaint as Conarthaí an Aontais trí chomhar idirinstiúidí le Coiste Eorpach na Réigiún], rinneadh anailís ar na huirlisí agus na próisis um rialáil níos fearr atá ag an Aontas agus ag CnaR cheana, agus scrúdaíodh roghanna maidir lena bhfeabhsú nó cinn nua a bhunú laistigh de chreat reatha na gConarthaí agus le leasuithe féideartha ar na Conarthaí.

<sup>37</sup> <https://cor.europa.eu/en/plenaries-events/11th-subsidiarity-conference>.

<sup>38</sup> <https://webapi2016.cor.europa.eu/v1/documents/cor-2024-03670-00-00-tcd-ref-en.pdf/content>.

<sup>39</sup> <https://cor.europa.eu/en/our-work/cooperations-and-networks/subsidiarity-monitoring-network>.

le haghaidh 2024<sup>40</sup>, clár inar sainithníodh trí thionscnamh ó chlár oibre bliantúil an Choimisiúin le haghaidh 2024 mar thosaíochtaí faireacháin ós léir gur díol spéise polaitiúla iad d'údarás áitiúla agus réigiúnacha. Ghlac agus d'fhoilsigh CnaR tuairimí maidir le gach ceann de na tionscnaimh sin<sup>41</sup>. Maidir le malartú na mbarúlacha faoi choimhdeacht agus comhréireacht i measc na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, is é Sainghrúpa um Choimhdeacht CnaR<sup>42</sup> le haghaidh measúnuithe coimhdeachta ar thionscnaimh sa chlár oibre um an gcoimhdeacht agus an Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht<sup>43</sup> a d'éascaigh an malartú sin, go háirithe trí ionchuir ó chomhpháirtithe REGPEX<sup>44</sup> a chuir seacht n-ionchur isteach<sup>45</sup>.

I gcomhréir lena straitéis athnuaite um measúnú tionchair chríochoigh<sup>46</sup>, ghlac CnaR tuairim maidir le todhchaí an chomhair chríochoigh Eorpaigh<sup>47</sup>. Chuir sé i dtábhacht gur príomhuirlis bheartais é an Gréasán Eorpach um Fhaire ar Phleanáil Spásúlachta chun eolas críochoch a fhorbairt agus bearnaí eolais a líonadh.

Lean CnaR de chur i dtábhacht a thábhachtaí atá promhadh leas na tuaithe trína iarraidh go gceapfaí straitéisí chun tacú leis an bhforbairt tuaithe agus leis an gcomhtháthú críochoch ina thuarascáil bhliantúil maidir le staid na réigiún agus na gcathracha<sup>48</sup> agus trí Dhearbhú Ghrúpa Comhordaithe an Chomhshocraithe Tuaithe maidir le todhchaí na gceantar tuaithe agus maidir le todhchaí beartais forbartha tuaithe san Aontas Eorpach<sup>49</sup> a ghlacadh.

Lean CnaR dá uirlisí *ex post* um rialáil níos fearr a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún trí pháirt a ghlacadh san ardán 'Réidh don Todhchaí'. Ceapadh beirt chomhaltaí de CnaR ina rapóirtéirí<sup>50</sup> le haghaidh dhá cheann de na hocht dtuairim ó 2024. Maidir leis an Líonra RegHub, ar líonra de chuid CnaR é, rinne sé ceithre chomhairliúchán in 2024 agus thacaigh dhá cheann acu le tuairimí 'Réidh don Todhchaí'.

Nuashonraigh CnaR a threoir phraiticiúil maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta agus maidir le sáruithe an phrionsabail sin a chonspóid<sup>51</sup>. Sa treoir

<sup>40</sup> <https://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/Publications/Documents/cor-2023-04735-07-00-nb-tra-en.pdf>.

<sup>41</sup> ENVE-VII/050 'Todhchaí Bheartas Aeráide an Aontais Eorpaigh: spriocanna an mhaolaithe agus dúshlán an oiriúnaithe a chur de réir a chéile'; ENVE-VII/047 'Bainistiú athléimneach an uisce chun an ghéarchéim aeráide a chomhrac mar chuid den Chomhaontú Gorm don Eoraip'; ENVE-VII/045 'An Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Ghaoithe'.

<sup>42</sup> <https://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/whatis/Pages/Subsidiarity-Expert-Group.aspx>.

<sup>43</sup> [https://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/Documents/SMN%20-%20List%20of%20Network%20Partners/SMN\\_List\\_of\\_Network\\_Partners.pdf](https://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/Documents/SMN%20-%20List%20of%20Network%20Partners/SMN_List_of_Network_Partners.pdf).

<sup>44</sup> Foghrúpa den Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht a thugann le chéile parlaimintí nó tionóil a dhéanann ionadaíocht ar réigiúin a bhfuil cumhacht reachtach acu.

<sup>45</sup> Áirítear ar na hionchuir sin seasaimh arna nglacadh ag parlaimintí réigiúnacha aonair (Parlaimintí Stáit na hOstaire Uachtaraí, Parlaimint Réigiúnach na Catalóine, Tionól Réigiúnach Friuli-Venezia Giulia, agus Parlaimint Stáit na Baváire) agus ag rialtais réigiúnacha (Státrialtas na hOstaire Íochtaraí).

<sup>46</sup> <https://cor.europa.eu/en/our-work/commissions/coter/territorial-impact-assessment>.

<sup>47</sup> COTER-VII/038 'Todhchaí an chomhair chríochoigh Eorpaigh tar éis 2027'.

<sup>48</sup> [https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/news/new-cor-report-regions-call-strategies-supporting-rural-development-and-territorial-cohesion\\_en](https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/news/new-cor-report-regions-call-strategies-supporting-rural-development-and-territorial-cohesion_en).

<sup>49</sup> [https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/publications/rural-pact-coordination-group-rpcg-declaration-future-rural-areas-and-rural\\_en](https://ruralpact.rural-vision.europa.eu/publications/rural-pact-coordination-group-rpcg-declaration-future-rural-areas-and-rural_en).

<sup>50</sup> Mark Speich (DE/PPE) le haghaidh na meastóireachta ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ar an gCiste um Aistriú Cóir agus Anne Karjalainen (FI/PSE) le haghaidh na meastóireachta ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+).

<sup>51</sup> Cuirtear creat cuimsitheach ar fáil maidir le tuiscint a fháil ar phrionsabal na coimhdeachta faoi chuimsiú obair chomhairliúcháin CnaR. [https://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/Publications/SiteAssets/Pages/Publicationsandstudies-/Guide\\_on\\_Subsidarity\\_Reviewed\\_2024.pdf](https://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/Publications/SiteAssets/Pages/Publicationsandstudies-/Guide_on_Subsidarity_Reviewed_2024.pdf).

sin, cuirtear creat cuimsitheach ar fáil maidir le tuiscint a fháil ar phrionsabal na coimhdeachta faoi chuimsiú obair chomhairliúcháin CnaR chun na forbairtí is déanaí a léiriú.

I gcomhthéacs an chomhair le hinstiúidí eile den Aontas, shínigh CnaR comhaontuithe comhair athnuaithe leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa. Díríonn an chéad cheann<sup>52</sup> ar an rialachas il-leibhéal agus ar an gcoimhdeacht, agus díríonn an dara ceann<sup>53</sup> ar rialáil níos fearr agus ar mheasúnuithe tionchair chríochoaigh. Cuirtear i dtábhacht sa dá chomhaontú an gá atá le níos mó rannpháirtíochta áitiúla agus réigiúnaí i gceapadh beartas an Aontais agus áirítear iontu tagairtí láidre do rialáil níos fearr agus do rialú éifeachtach coimhdeachta.

## 2.5 CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

In 2024, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt) roinnt breithiúnas maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

Maidir le prionsabal na coimhdeachta, mheas an Chúirt Ghinearálta gur i gcomhréir le ceanglais Airteagal 11(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle a feidhmíodh cumhacht an Choimisiúin imeachtaí a thionscnamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle, sa chás seo arna iarraidh sin d'údarás iomaíochta náisiúnta a bhí ag láimhseáil an cháis roimhe sin, agus nach féidir a mhaíomh go ndéanann feidhmiú na cumhachta sin dochar do shainchumais an Bhallstáit lena mbaineann, ná gur sárú ar phrionsabal na coimhdeachta é feidhmiú na cumhachta sin<sup>54</sup>.

I gcás eile, i ndáil le Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta go dtugann an prótacal ról do na Parlaimintí náisiúnta a mhéid a bhaineann le comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta, ach nach dtugann sé ról dóibh a mhéid a bhaineann le comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta<sup>55</sup>.

Maidir le prionsabal na comhréireachta, shoiléirigh an Chúirt na ceanglais a eascraíonn as an bprionsabal sin, ar ceanglais iad atá ar reachtas an Aontais nuair a fheidhmíonn sé a dhiscreíd leathan i réimsí a bhaineann le roghanna polaitiúla, eacnamaíocha, nó sóisialta. I mbreithiúnas ar na hagóidí a thionscain roinnt Ballstát i gcoinne an Phacáiste Soghluaisteachta a ghlac reachtas an Aontais i mí Iúil 2020, mheabhraigh an Chúirt nach mór don reachtas a léiriú gur fheidhmigh sé a dhiscreíd i gceart agus gur chuir sé san áireamh tosca agus imthosca ábhartha uile an cháis a raibh sé beartaithe go ndéanfadh an gníomh rialáil air<sup>56</sup>. Dá bhrí sin, na fíorais bhunúsacha ba ghá a chur san áireamh mar bhonn leis na bearta atá faoi chonspóid sa ghníomh sin agus a raibh feidhmiú na discrède ag brath orthu, ní mór don reachtas a bheith in ann na fíorais bhunúsacha sin a léiriú agus a leagan amach go soiléir agus go haonchiallach. Maidir leis an bhfoirm ina dtaifeadtar na sonraí bunúsacha sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh an reachtas measúnuithe tionchair agus aon fhoinse faisnéise eile a chur san áireamh. Chuir sé ar neamhní an fhoráil lena dtugtar isteach an oibleagáid maidir le feithiclé a úsáidtear in iompar idirnáisiúnta a chur ar ais chuig lárionad oibríochtúil i

---

<sup>52</sup> I gCaibidil III, dírítear ar chur chun feidhme na coimhdeachta agus na comhréireachta, an rialachas il-leibhéal agus rialáil níos fearr.

<sup>53</sup> Comhar maidir le rialáil níos fearr agus coimhdeacht ghníomhach trí mheasúnuithe tionchair chríochoaigh ar reachtaíocht an Aontais, ina soláthróidh CnaR tuarascálacha tráthúla do Pharlaimint na hEorpa agus ina bhféadfaidh an dá pháirtí a bheith rannpháirteach i gcearta chun na tuarascálacha sin a phlé.

<sup>54</sup> Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *Crown Holdings agus Crown Cork & Seal Deutschland Holdings v an Coimisiún*, T-587/22, ECLI:EU:T:2024:661, míreanna 75-81 (achomharc ar feitheamh: Cás C-855/24 P).

<sup>55</sup> Breithiúnas an 27 Samhain 2024, *Nord Stream 2 AG v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle*, T-526/19 RENV, ECLI:EU:T:2024:864, míreanna 310-311 (achomharc ar feitheamh: C-118/25 P).

<sup>56</sup> Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Poblacht na Liotuáine agus Eile v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle*, C-541/20 go C-555/20, ECLI:EU:C:2024:818, míreanna 218-220 agus 240-244.

mBallstát bunáochta an ghnóthais iompair lena mbaineann gach 8 seachtaine<sup>57</sup>, rud a cuireadh leis an téacs le linn na caibidlíochta reachtaí. Chinn an Chúirt nár léirigh na comhreachtóirí na sonraí bunúsacha ar glacadh an oibleagáid sin ar a mbonn agus a raibh feidhmiú na discréide ag brath orthu, sin agus nár leag siad amach go soiléir ná go haonchiallach na sonraí sin. Dá bhrí sin, níor shuigh siad go raibh faisnéis leordhóthanach acu chun é a chur ar a gcumas dóibh measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na hoibleagáide maidir le feithiclí a chur ar ais<sup>58</sup>. Ós rud é nár léirigh na comhreachtóirí gur scrúdaigh siad comhréireacht na forála, ní raibh ar an gCúirt a fhíorú go raibh sí comhréireach nach raibh.

In 2024, bhain seomra parlaiminteach náisiúnta (*Assemblée nationale* na Fraince) úsáid den chéad uair as an bhféidearthacht atá beartaithe i bPrótacal Uimh. 2 cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais ar fhoras sáraithe ar phrionsabal na coimhdeachta chun a iarraidh go ndéanfaí gníomh reachtach a chur ar neamhní (Rialachán (AE) 2024/1351 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce)<sup>59</sup>.

### 3. CUR I BHFEIDHM AN TSÁSRA RIALAITHE COIMHDEACHTA AG NA PARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA

#### 3.1 FORBHREATHNÚ

Lean na Parlaimintí náisiúnta de sheiceáil a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtograí reachtacha le prionsabal na coimhdeachta. Mar thoradh air sin, fuair an Coimisiún **14 tuairim réasúnaithe**<sup>60</sup> ó na Parlaimintí náisiúnta in 2024<sup>61</sup>. B' idirbhliain institiúideach í 2024, ar lena linn a mbíonn líon níos ísle tuairimí ann ó na Parlaimintí náisiúnta de ghnáth mar thoradh ar an líon níos ísle tionscnamh reachtach agus polaitiúil nua.

---



<sup>57</sup> Pointe 1(3) de Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO 2020 L 249, lch. 17), a mhéid a chuir sé mír 1(b) isteach in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh (IO 2009 L 300, lch. 51).

<sup>58</sup> Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Poblacht na Liotúaine agus Eile v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle*, míreanna 718-737.

<sup>59</sup> Cás: C-553/24: <https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/5616/oj/>; tá na himeachtaí fós ar siúl.

<sup>60</sup> Faoi Phrótacal Uimh. 2, féadfaidh aon Pharlaimint náisiúnta nó aon seomra de chuid Parlaiminte náisiúnta, laistigh de 8 seachtaine ón dáta a dhéanfar dréachtghníomh reachtach a tharchur, i dteangacha oifigiúla an Aontais, tuairim réasúnaithe a eisiúint á rá cén fáth a mheasann sé nach gcomhlíonann an dréacht atá i gceist prionsabal na coimhdeachta. Féach fonóta 61 freisin.

<sup>61</sup> Tagraíonn an uimhir sin don líon iomlán tuairimí réasúnaithe a fuarthas ó sheomraí parlaiminteacha faoi Phrótacal Uimh. 2 in 2024. Féach freisin Iarscríbhinn 1 le haghaidh liosta doiciméad ón gCoimisiún a bhfuair an Coimisiún tuairimí réasúnaithe ina leith.



Tabhair faoi deara: léiríonn an líne poncanna an treocht anuas lineach.

I gcomhréir leis an 2 bhliain roimhe sin, tháinig cuid mhór de na tuairimí réasúnaithe uile, in 2024, ó Pharlaimint náisiúnta aonair amháin, is é sin *Riksdag* na Sualainne. D' eisigh *Riksdag* 6 thuairim réasúnaithe in 2024, méid ar mó é ná 40 % den líon iomlán. Tháinig na tuairimí réasúnaithe eile in 2024 ó *Sénat* na Fraince (2), *Tithe* an Oireachtais in Éirinn (2), *Poslanecká sněmovna* na Seicia (1), *Camera dei Deputati* na hIodáile (1), *Országgyűlés* na hUngáire (1) agus *Kamra tad-Deputati* Mhálta (1). Ciallaíonn sé sin gur eisigh 8 gcinn de na 39 bParlaimint nó seomra náisiúnta tuairimí réasúnaithe in 2024, líon atá i gcomhréir leis na blianta roimhe sin.

Ó thaobh téama de, bhí na 14 thuairim réasúnaithe a fuarthas in 2024 scaipthe amach agus bhain siad le 11 thogra éagsúla ón gCoimisiún, nach bhfuair aon cheann acu níos mó ná 3 thuairim réasúnaithe, díreach mar a bhí sa bhliain roimhe sin. Ba é an togra a spreag an líon is mó tuairimí réasúnaithe an togra Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT), ag a raibh 3

thuairim réasúnaithe a raibh 6 vóta i gceist leo<sup>62</sup>. Is beag nár bhain sé sin an tairseach amach maidir le freagra comhiomlánaithe a fháil ón gCoimisiún<sup>63</sup>, ach bhí sé i bhfad ó ‘cárta buí’ lena gceanglófaí ar an gCoimisiún cúiseanna a thabhairt lena thogra a choinneáil ar bun, a athrú nó a tharraingt siar. Ba é an t-aon togra eile a spreag níos mó ná tuairim réasúnaithe amháin an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha, le 2 thuairim réasúnaithe a raibh 4 vóta i gceist leo. Níor spreag na 9 dtogra eile ach tuairim réasúnaithe amháin an ceann.

I Roinn 3.2 thíos, cumhdaítear príomhchásanna na dtograí a spreag níos mó ná tuairim réasúnaithe amháin. Tá na sonraí iomlána maidir leis na tuairimí réasúnaithe uile le fáil in Iarscríbhinn 1.

### 3.2 PRÍOMHCHÁSANNA

Spreag an togra maidir le **Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT)**<sup>64</sup> 3 thuairim réasúnaithe<sup>65</sup> agus 4 thuairim mar chuid den idirphlé polaitiúil<sup>66</sup> inar cuireadh ábhair inní in iúl i ndáil leis an raon feidhme, an choimhdeacht, agus an amlíne. D’áitigh gach tuairim réasúnaithe agus tuairim idirphlé pholaitiúil amháin nach raibh an tAontas inniúil maidir le cánachas díreach. D’áitigh formhór na dtuairimí freisin nach ndearnadh measúnú ceart ar thionchar an togra seo ar na Ballstáit agus go raibh an togra doiléir. Chuir roinnt seomraí i dtábhacht gur mheas siad go bhféadfadh an togra sin díobháil a dhéanamh dá dtíortha, mar shampla go rachadh athdháileadh brabúis chun tairbhe do na Ballstáit mhóra (Oireachtas Éireann), go rachadh bonn aonfhoirmeach cánach chun dochair don leagan amach náisiúnta (*Bundesrat* na Gearmáine), nó go bhféadfadh an togra teorainn a chur le tionchar na hinfheistíochta náisiúnta a rinneadh chun tacú leis an nuálaíocht (*Senat* na Polainne). Dhiúltaigh *Bundesrat* na Gearmáine freisin don fhéidearthacht go mbeadh faoiseamh trasteorann i leith cailleanas ann agus mhol sé gur cheart cur chun feidhme an togra a mhoilliú, agus é á mhaíomh aige go mbeadh 2028 ró-luath chun na samhlacha cánach éagsúla uile a chumasc. Mheas *Camera dei Deputati* na hIodáile gur chomhlíon an togra prionsabal na coimhdeachta agus thacaigh an seomra sin go ginearálta le cuspóirí an togra, amhail rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le hioncam inchánach grúpaí (móra) cuideachtaí atá ag feidhmiú san Aontas a ríomh. An tráth céanna, chuir *Camera dei Deputati* in iúl gur gá céimeanna breise a thabhairt i dtreo córas cánach corparáide toisc nár leor rialacha íosta astu féin, ar rialacha iad atá teoranta do bhoinn inchánacha, chun iomaíocht éagórach chánach laistigh den Aontas a laghdú. Tharraing Parlaimintí éagsúla aird freisin ar an méadú ar an ualach riaracháin a chruthódh an togra seo do ghnólachtaí agus d’údaráis riaracháin araon.

Ina fhreagraí, d’áitigh an Coimisiún gur urramaigh an togra prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta toisc nach raibh sé d’aidhm aige ach rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le hioncam inchánach grúpaí móra cuideachtaí a chinneadh. Tá sé leagtha amach aige nár chuir an togra srian ar inniúlacht náisiúnta maidir le cánachas, ós rud é go mbeadh an neamhspleáchas fós

---

<sup>62</sup> Tá dhá vóta ag gach Parlaimint náisiúnta. Tá vóta amháin ag gach seomra i gcóras an dá sheomra.

<sup>63</sup> Tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún freagra a thabhairt le freagra comhiomlánaithe má spreagann togra líon ‘suntasach’ tuairimí réasúnaithe (ciallaíonn ‘suntasach’ sa chomhthéacs seo go gcomhfheagraíonn an líon tuairimí réasúnaithe do 7 vóta Parlaiminte náisiúnta ar a laghad), fíú mura bhfuil go leor tuairimí réasúnaithe spreagtha ag an togra chun tairseach an ‘chárta bhui’ a bhaint amach, rud a spreagann athbhreithniú sainordaitheach ar dhréachtghníomh dlí. Baintear tairseach an ‘chárta bhui’ amach i gcás inarb é aon trian ar a laghad de na vótaí uile a leithdháiltear orthu (i.e. 18 vóta as 54 cinn) an líon tuairimí réasúnaithe a fhaightear ó na Parlaimintí náisiúnta. I gcás dréachtghníomhartha reachtacha a thíolactar i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, is é aon cheathrú cuid de na vótaí (14 as 54) an tairseach.

<sup>64</sup> COM(2023) 532 final.

<sup>65</sup> Dáil Éireann agus Seanad Éireann, *Kamra tad-Deputati* Mhálta, *Riksdag* na Sualainne.

<sup>66</sup> *Bundesrat* na Gearmáine, *Senat* na Polainne, *Camera dei Deputati* na hIodáile agus *Senát* na Seicia.

ag na Ballstáit a rátaí cánach agus a mbeartais chánach féin a shocrú. Maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bonn aonfhoirmeach cánach a bhunú, thug an Coimisiún le fios go raibh an togra ceaptha chun costais chomhlíontachta a laghdú agus cothrom iomaíochta a chruthú ar fud an Aontais san am céanna. Ar an gcuma chéanna, thug an Coimisiún le fios go mbeadh an tAontas níos tarraingtí don infheistíocht de bharr an tsimplithe agus an chomhchuibhithe a dhéanfaí leis an togra, agus dá bhrí sin go gcoiscfí aon tionchar diúltach. Ar an gcaoi chéanna, rinne sé tagairt don mheasúnú tionchair. Mheas sé, de réir sonraí a fuarthas le déanaí, go bhféadfadh an togra costais chomhlíontachta a laghdú suas le 65 %. Maidir leis an amlíne, cé go n-aithníonn an Coimisiún go bhfuil gá le dóthain ama chun oiriúnú a dhéanamh, thug an Coimisiún le fios go bhfuil sé i gceist leis an togra go mbeidh idirthréimhse 4 bliana go leith ann tar éis a chur chun feidhme atá beartaithe don 1 Iúil 2028. Tharraing sé aird freisin ar shimpliú na nósanna imeachta riaracháin, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin, trí shraith shimplithe aonair rialacha maidir le hioncam inchánach a ríomh. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin nach raibh sé d'aidhm ag an togra an leibhéal comhchuibhithe is airde is féidir a bhaint amach i measc na gcóras cánach náisiúnta.

Spreag an togra maidir le **trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha**<sup>67</sup> 2 thuairim réasúnaithe agus 5 thuairim faoi chuimsiú an idirphlé pholaitiúil. Chuir *Sénat* na Fraince, *Országgyűlés* na hUngáire, *Senato della Repubblica* na hIodáile agus *Camera dei Deputati* na hIodáile amhras in iúl maidir lena iomchuí atá sé Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a úsáid mar an t-aon bhunús dlí leis an treoir. I dtuairimí réasúnaithe, d'áitigh *Országgyűlés* agus *Dáil* agus *Seanad Éireann* go sáraíonn an togra prionsabal na coimhdeachta toisc go bhforchuirfeadh sé cur chuige an chomhchuibhithe uasta agus go gcuirfeadh sé srian ar dhiscréid na mBallstát. Do na Ballstáit a bhfuil rialacháin níos déine acu, d'fhéadfadh laghdú ar chaighdeán trédhearcachta a bheith mar thoradh air sin. Bhí *Camera dei Deputati* agus *Sénat* na Fraince ar aon tuairim leis sin freisin. Bhí amhras ar *Országgyűlés* faoin ngá a bhí le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus faoin mbreislúach a bhain leis an ngníomhaíocht sin; thug sé le fios gur leordhóthanach na rialacháin náisiúnta a bhí ann cheana agus nár rialaigh beagnach leath de na Ballstáit an réimse sin ar chor ar bith. Ina theannta sin, d'iarr *Sénat* na Seicia ar a rialtas féin gan tacú leis an togra mura ndéanfaí modhnú substaintiúil air, agus sheol *Eerste Kamer* na hÍsiltíre liosta ceisteanna maidir leis an togra.

Ina fhreagraí, mhínigh an Coimisiún úsáid Airteagal 114 CFAE, ag léiriú gurbh iomchuí an togra chun soláthraithe seirbhíse sa mhargadh aonair a chumhdach agus ag tabhairt aghaidh ar dhifriochtaí idir forálacha na mBallstát a dhéanann difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Chuir sé in iúl gur urramaigh an togra prionsabal na coimhdeachta toisc gur thug sé aghaidh ar shaincheisteanna trasteorann nach bhféadfadh na Ballstáit a réiteach go héifeachtach ina n-aonar. Chuir sé i dtábhacht freisin go raibh na bearta a bhí beartaithe comhréireach leis an aidhm trédhearcacht a áirithiú. Thairis sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht breislúach na rialála ar leibhéal an Aontais chun ilroinnt sa mhargadh inmheánach a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar chineál trasnáisiúnta na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéanann tríú tíortha, rud a raibh cur chuige comhordaithe ag teastáil lena aghaidh. Thug sé údar le cur chuige an chomhchuibhithe uasta chun arbatráiste rialála a chosc agus cothrom iomaíochta a chruthú, cur chuige lena laghdaítear costais chomhlíontachta agus lena seachnaítear 'sodar go grinneall' i gcaighdeán rialála.

#### 4. IDIRPHLÉ POLAITIÚIL I SCRÍBHINN LEIS NA PARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA

I dteannta le sásra grinnscrúdaithe na coimhdeachta a bunaíodh le Prótacal Uimh. 2, cuimsíonn caidreamh an Choimisiúin leis na Parlaimintí náisiúnta raon gníomhaíochtaí, ina measc an

---

<sup>67</sup> COM(2023) 637 final – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937.

t-idirphlé polaitiúil a cuireadh ar bun in 2006, ar díol suntais é. Leis an idirphlé sin, éascaítear malartuithe i scríbhinn maidir le tionscnaimh de chuid an Choimisiúin ar mian leis na Parlaimintí náisiúnta rannchuidiú leo, agus maidir le hábhair a roghnaíonn siad a ardú as a stuaim féin. In 2024, chuir an Coimisiún feabhas mór ar an gcaoi a gcuireann sé tuairimí agus tuairimí réasúnaithe na bParlaimintí náisiúnta ar fáil go poiblí chomh maith lena fhreagraí orthu. Sheol sé bunachar sonraí nua ar líne<sup>68</sup> a ligeann d'úsáideoirí rochtain níos éasca a fháil ar an tsraith iomlán tuairimí agus freagraí ó thús Choimisiúin an Uachtaráin Juncker in 2014, agus roinnt féidearthachtaí scagtha acu.

Thairis sin, tá gné ó bhéal ag baint leis an idirphlé polaitiúil freisin a ndéantar cur síos uirthi i gCaibidil 5.

#### 4.1 BARÚLACHA GINEARÁLTA

In 2024, sheol na Parlaimintí náisiúnta **252 thuairim** chuig an gCoimisiún. Is laghdú suntasach é sin ó na 402 thuairim a bhí ann in 2023, ach is gnáthmhéid é le haghaidh idirbhliain institiúideach. Mar sin féin, i gcomparáid leis an difríocht shuntasach a chonaectas in 2019 – nuair a bhí 73 % níos lú tuairimí ann ná mar a bhí in 2018 – ní raibh an laghdú in 2024 chomh géar céanna, agus gan ach 33 % níos lú tuairimí ann ná mar a bhí in 2023. Tá an líon foriomlán tuairimí a fuarthas le linn Choimisiúin von der Leyen I fós i bhfad níos ísle ná an líon a fuarthas le linn Choimisiúin Barroso II agus Choimisiúin Juncker.

Lean na Parlaimintí náisiúnta de bheith ag úsáid na mbealaí éagsúla cumarsáide a chuireann an t-idirphlé polaitiúil ar fáil. Is díol suntais iad dhá thuairim féintionscnaimh a thionscain *Seimas* na Liotuáine go háirithe. Pléadh iad ag cruinniú tiomnaithe de ghrúpa Parlaimintí mar ullmhúchán do chruinniú iomlánach COSAC i mí na Samhna 2024 agus seoladh iad ansin chuig an gCoimisiún agus iad comhshínithe ag seomraí éagsúla (ceann amháin ag 11 sheomra breise agus an ceann eile ag 10 seomra breise). Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an modheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún in eagrán roimhe seo den tuarascáil bhliantúil seo<sup>69</sup>, cuimsíonn an dá dhoiciméad sin le chéile 23 thuairim. Tá iarmhairtí breise ag an gcur chuige sin a léirítear agus a ndéantar trácht orthu sa tuarascáil seo, mar shampla an sciar i bhfad níos airde de thuairimí féintionscnaimh (36 cinn i gcomparáid le 10 gcinn ar an meán sna blianta roimhe seo), nó rannpháirtíocht dhá sheomra in 2024 ar seomraí iad nach raibh rannpháirteach san idirphlé polaitiúil leis an gCoimisiún roimhe sin ó bhí 2016 ann.

Ach breathnú níos géire ar na 252 thuairim sin, léirítear gur bhain 119 gcinn (47 %) le tograí reachtacha faoi réir an tsásra rialaithe coimhdeachta<sup>70</sup>, ar tuairimí réasúnaithe iad 14 cinn díobh (5,6 % den iomlán). Bhain na 133 thuairim eile (53 %) le tionscnaimh neamhreachtacha go príomha (teachtaireachtaí den chuid is mó, ach páipéir bhána agus roinnt comhairliúcháin phoiblí freisin), nó ba thuairimí féintionscnaimh iad nach raibh baint dhíreach acu le tionscnamh ón

---

<sup>68</sup> <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/home>

<sup>69</sup> De réir na modheolaíochta a úsáideadh in eagrán roimhe seo den tuarascáil bhliantúil seo, nuair a chomhshíníonn seomraí éagsúla tuairim, déantar líon na gcomhshínithe sin a chomhaireamh mar an líon céanna tuairimí. Roimhe seo, ba ghnách don Choimisiún tuairimí comhshínithe a fháil ó sheomraí na Seicia (córas dhá sheomra), na hUngáire (córas aon seomra), na Polainne (córas dhá sheomra) agus na Slóvaice (córas aon seomra), rud a d'fhág go raibh 6 thuairim aige.

<sup>70</sup> Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin sásra rialaithe coimhdeachta agus faoin idirphlé polaitiúil, féach [https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/adopting-eu-law/relations-national-parliaments\\_ga](https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/adopting-eu-law/relations-national-parliaments_ga). Níl tograí reachtacha a bhaineann le réimsí beartais ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas faoi grinnsrudú coimhdeachta ag na Parlaimintí náisiúnta.

gCoimisiún (36 tuairim). Tá an dáileadh cosúil leis an dáileadh a bhí ann in 2019, an idirbhliain roimhe sin.

Laistigh den Choimisiún, déantar aird Chomhaltaí ábhartha an Choimisiúin agus ranna an Choimisiúin a tharraingt ar na pointí arna n-ardú ag na Parlaimintí nó na seomraí náisiúnta, arb iad na Comhaltaí agus na ranna sin a dhréachtaíonn na freagraí. Dá bhrí sin, i gcás tograí reachtacha, cuirtear na pointí in iúl d'ionadaithe an Choimisiúin atá rannpháirteach sa chaibidlíocht idir na comhreachtóirí.

#### 4.2 RANPHÁIRTÍOCHT AGUS RAON FEIDHME

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí éagsúlacht mhór idir an líon tuairimí a seoladh chuig an gCoimisiún ó Pharlaimint náisiúnta amháin go Parlaimint náisiúnta eile. Tháinig laghdú ar líon na bParlaimintí nó na seomraí náisiúnta *nár* eisigh aon tuairim<sup>71</sup>, ó 39 gcinn go 6 cinn<sup>72</sup> in 2024, i bpáirt mar gheall ar na tuairimí féintionscnaimh comhshínithe a luadh cheana. Ciallaíonn sé sin nach raibh ach 3 Bhallstát ann<sup>73</sup> *nach raibh* a bParlaimintí rannpháirteach san idirphlé polaitiúil i scríbhinn. As na 33 sheomra a bhí rannpháirteach, bhí 6 cinn<sup>74</sup> rannpháirteach trí na tuairimí féintionscnaimh comhshínithe agus tríd an mbealach sin amháin.

**D'eisigh na 10 seomra is gníomhaí 160 tuairim (63,5 % den iomlán).** Is eisceacht shuntasach é sin ar an treocht a tugadh faoi deara sna 9 mbliana roimhe sin<sup>75</sup>, tréimhse inar eisigh na 10 seomra is gníomhaí thart ar 80 % de na tuairimí uile ar an meán. In 2024, ba iad na 10 seomra ba ghníomhaí *Camera Deputaţilor* na Rómáine (41 tuairim), *Camera dei Deputati* na hIodáile (26 cinn), *Cortes Generales* na Spáinne (18 gcinn), *Bundesrat* na Gearmáine (17 gcinn), *Senát* na Seicia (16 cinn), *Senat* na Rómáine (15 cinn), *Poslanecká sněmovna* na Seice (14 cinn), *Sénat* na Fraince (13 cinn), *Senato della Repubblica* na hIodáile (12 cheann) agus *Riksdag* na Sualainne (11 cheann). Bhí naoi gcinn acu i measc na seomraí ba ghníomhaí in 2023 freisin. Féach Iarscríbhinn 2 maidir leis an líon tuairimí a sheol gach seomra.

---


<sup>71</sup> 2023: 9; 2022: 7; 2021: 8; 2020: 12; 2019: 17; 2018: 10.

<sup>72</sup> Féach Iarscríbhinn 3.

<sup>73</sup> Na Parlaimintí náisiúnta sa Bhulgáir, sa Danmhairg agus san Ostair. 2023: 6; 2022: 5.

<sup>74</sup> *Vouli ton Antiprosopon* na Cipire, *Riigikogu* na hEastóine (is in 2016 a fuarthas an tuairim roimhe sin), *Saeima* na Laitvia (is in 2016 a fuarthas an tuairim roimhe sin), *Sejm* na Polainne, *Eduskunta* na Fionlainne agus *Bundestag* na Gearmáine.

<sup>75</sup> 2023: 80 %; 2022: 79 %; 2021: 79 %; 2020: 85 %; 2019: 73 %; 2018: 83 %; 2017: 74 %; 2016: 73 %.



Mar a bhí sna blianta roimhe sin, bhí cineál na dtuairimí éagsúil ó Pharlaimint nó seomra náisiúnta amháin go Parlaimint nó seomra náisiúnta eile. Bhí cuid acu dírithe go príomha ar a fhíorú ar chomhlíon togra ón gCoimisiún prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta<sup>76</sup>, agus rinne cuid eile acu trácht níos mionsonraithe ar ábhar na dtograí nó sheol siad tuairimí féintionscnaimh nach ndearna tagairt do thogra coinchréiteach ón gCoimisiún. In 2024, fuair an Coimisiún 38<sup>77</sup> dtuairim féintionscnaimh lena gcumhdaítear raon leathan ábhar – ina measc sin an Gníomh AE um Spás, cosaint na dteorainneacha seachtracha, truailliú uisce de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, agus soláthar poiblí. Ba iad na hábhair a cumhdaíodh i níos mó ná tuairim féintionscnaimh amháin an combhheartas talmhaíochta tar éis 2027, an staid sa Mheánoirthear agus comóradh 20 bliain mhéadú 2004, chomh maith leis na tuairimí féintionscnaimh comhshínithe thuasluaite de thionscnamh *Seimas* na Liotuáine maidir le stop a chur le hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe ón Rúis agus maidir le cosaint na dteorainneacha seachtracha. D’eisigh Parlaimintí náisiúnta tuairimí ar pháipéir bhána éagsúla maidir le hinfheistíochtaí amach, rialuithe onnmhairí, roghanna chun tacaíocht a mhéadú don taighde agus don fhorbairt a bhaineann le teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu, agus ‘Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?’. Cé gur tháinig laghdú ar dhéine an idirphlé pholaitiúil in 2024, ba dhíol suntais é gur díriodh ar roinnt tograí a tharraing aird na bParlaimintí náisiúnta go mór, rud atá i gcodarsnacht leis na tuairimí réasúnaithe a bhí scaipthe den chuid is mó thar thograí éagsúla, mar a cuireadh in iúl thuas.

#### 4.3 PRÍOMHÁBHAIR NA DTUAIRIMÍ SAN IDIRPHLÉ POLAITIÚIL

Spreag na tograí seo a leanas formhór na dtuairimí:

1. Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024 (10 dtuairim<sup>78</sup>).

<sup>76</sup> Amhail *Cortes Generales* na Spáinne agus *Assembleia da República* na Portaingéile.

<sup>77</sup> Ba iad an dá tuairim féintionscnaimh chomhshínithe de thionscnamh *Seimas* na Liotuáine maidir le stop a chur le hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe ón Rúis agus maidir le cosaint na dteorainneacha seachtracha a bhí i gceist le 23 cinn díobh.

<sup>78</sup> Fuarthas 3 cinn in 2023.

2. An togra le haghaidh Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac<sup>79</sup> (8 dtuairim).
3. An togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha, an togra maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac, togra BEFIT \* agus an togra maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha \* (7 dtuairim an ceann).
4. An togra le haghaidh Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna agus an togra lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthurais neamhúdaraíthe agus fanacht neamhúdaraíthe san Aontas a chosc agus a chomhrac (6 thuairim an ceann).

Ina theannta sin, spreag an t-eagrán roimhe seo den tuarascáil bhliantúil seo dhá thuairim in 2024, tuairimí a chumhdaítear ag deireadh na roinne seo.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, rinne 8 bParlaimint náisiúnta anailís ar **chlár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024**<sup>80</sup>, anailís ónár tháinig 10 dtuairim (7 gcinn in 2024 agus 3 cinn in 2023<sup>81</sup>). B'ionann sin agus an líon tuairimí a fuarthas maidir le clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2023. Léirigh na tuairimí sin an anailís a rinne na seomraí éagsúla ar thosaíochtaí an chláir i ndáil lena mbeartais náisiúnta féin. De réir an 42ú Tuarascáil Dhébhliantúil ó COSAC<sup>82</sup>, i mbeagnach 90 % de na seomraí déantar plé inmheánach ar chlár oibre an Choimisiúin ar leibhéal éagsúla: ar leibhéal an choiste um ghnóthaí an Aontais beagnach i gcónaí, i gcoistí eile i thart ar leath de na seomraí agus i gcrúinnithe iomlánacha i níos mó ná aon trian díobh.

Léiríodh i dtuairimí na bParlaimintí náisiúnta maidir le clár oibre 2024 go raibh comhdhearcadh ann i ndáil le príomhdhúshláin an Aontais. Bhí tacaíocht leathan ann don Úcráin, d'fhorbairt a dhéanamh ar an Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa agus do dhlús a chur le próiseas an mhéadaithe bunaithe ar thuillteanas agus ar luachanna an Aontais. Chuir go leor seomraí i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí beartais eachtraigh, amhail leis an Afraic, agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht leanúnach do Chomhpháirtíocht an Oirthir agus do Chomharsanacht an Deiscirt. Thángthas ar chomhaontú freisin maidir leis an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus leagadh béim ar sprioc laghdaithe le haghaidh 2040 a leagan síos agus aistriú cóir a áirithiú. Chuir roinnt seomraí i dtábhacht a thábhachtaí atá athléimneacht uisce, talmhaíocht inbhuanaithe agus slándáil bia. Ina theannta sin, bhí comhdhearcadh ann gur gá coinneáil suas le húsáid na hintleachta saorga agus í a rialáil, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce nó ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus iarradh go mbeadh creataí cuimsitheacha agus comhar níos láidre ann i measc na mBallstát agus go hidirnáisiúnta. I measc na bpríomhréimsí comhaontaithe eile bhí tábhacht an oideachais, agus dioplóma Eorpach comhpháirteach beartaithe chuige sin, chomh maith leis an ngá maorlathas agus an t-ualach riaracháin a laghdú chun iomaíochas agus fás a chur chun cinn. Ar an iomlán, cuireadh i dtábhacht sna tuairimí an gá atá le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha sin agus chun Eoraip níos láidre agus níos athléimní a chur chun cinn.

<sup>79</sup> Liostaítear le hIarscríbhinn 3 na tionscnaimh ón gCoimisiún a spreag cúig thuairim ar a laghad. Níor áiríodh na tuairimí lena gcumhdaítear na tograí a bhfuil réiltín (\*) ag gabháil leo leis an roinn seo toisc gur spreag siad trí thuairim réasúnaithe ar a laghad freisin agus, dá bhrí sin, cumhdaítear iad cheana faoi Roinn 3.2 den tuarascáil seo.

<sup>80</sup> COM(2023) 638 final – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún – Clár Oibre 2024 an Choimisiúin Beart a dhéanamh de réir briathair inniu agus ullmhú don lá amárach.

<sup>81</sup> Sheol *Hrvatski Sabor* na Cróite, *Eerste* agus *Tweede Kamer* na hÍsiltíre, *Seimas* na Liotuáine, *Chambre des Députés* Lucsamburg, *Národná Rada* na Slóvaice agus *Camera Deputaţilor* na Rómáine tuairimí in 2024. Sheol *Sénat* na Fraince, *Senat* na Rómáine agus *Riksdag* na Sualainne uile tuairimí i mí na Nollag 2023.

<sup>82</sup> <https://secure.ipex.eu/IPEXL-WEB/download/file/8a8629a89279be0201927ba2f1630010/42nd+Bi-annual+Report+of+COSAC+final+version+adopted.pdf>.

Sna freagraí uaidh, d’athdhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil sé tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus, san am céanna, a bheith ag ullmhú do mhéadú rathúil an Aontais, arb é is aidhm dó síocháin agus cobhsaíocht fhadtéarmach a chothú san Eoraip. Chuir sé i dtábhacht go mbeadh an méadú fós bunaithe ar thuillteanas, agus ar urraim do bhunluachanna, lena n-áirítear cearta an duine agus an smacht reachta. Leanfadh na nithe sin de bheith ina gcoinníollacha fíorriachtanacha d’aontachas leis an Aontas. Ba dhíol sásaimh don Choimisiún an tacaíocht dá ghníomhaíochtaí i réimse na cosanta. Chuir sé i dtábhacht an chéad Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa riamh a cuireadh i láthair, agus d’iarr sé go ndéanfadh na Ballstáit tuilleadh infheistíochta i dtaca leis an gcosaint. Thagair sé freisin dá thogra maidir leis an gcreat dlíthiúil um chomhrac smuigleáil na n-imirceach a thabhairt cothrom le dáta, rud a léiríonn go bhfuil sé tiomanta d’aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an imirce. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin a dhiongbháilte atá sé a áirithiú go mbainfear an t-aistriú glas amach ar bhealach cóir cuimsitheach, sin agus go gcuirfear chun feidhme príomhthionscnaimh chun an clár oibre digiteach a chur chun cinn. Is é is aidhm do na tionscnaimh sin athléimneacht na hEorpa a neartú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, rud a chuideoidh le borradh a chur faoi iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa. Maidir le talmhaíocht, chuir an Coimisiún i dtábhacht seoladh an Phlé Straitéisigh faoi thodhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach mar dheis luachmhar chun dul i mbun plé le feirmeoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Spreag an **togra le haghaidh Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac**<sup>83</sup> 8 dtuairim, lena n-áirítear tuairim réasúnaithe amháin. Cheistigh *Poslanecká sněmovna* na Seicia agus *Camera dei Deputati* na hIodáile an gá atá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, agus mhaígh siad gur sháraigh roinnt gnéithe den togra inniúlacht an Aontais. D’áitigh *Sénat* na Fraince freisin, maidir le forálacha amhail ‘ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí’ a shainmhíniú, gur bhain siad d’inniúlachtaí náisiúnta ar bhealach míchuí. Ar an taobh eile, thug *Camera Deputaţilor* na Rómáine le fios nach ndearna an togra coir as ‘sracadh gnéasach’ ná as ‘pornagrafaíocht díoltais’ mar chionta neamhspleácha, d’ainneoin gur aithníodh sa togra go bhfuil siad ag éirí i bhfad níos forleithne. Cheistigh roinnt seomraí (*Camera dei Deputati* na hIodáile, *Sénat* na Fraince, *Camera Deputaţilor* na Rómáine) foráil an togra lena gceadófaí d’eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath agus a anailísiú, ag lua coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann, nó gur cúram é a bheadh níos oiriúnaí do na húdaráis náisiúnta. Thug *Bundesrat* na Gearmáine le fios, maidir le Lárionad an Aontais chun Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí a Chosc agus a Chomhrac, go bhforbródh sin acmhainneachtaí bainistíochta lárnaí breise ar leibhéal an Aontais ach nár cheart go gcruthódh sé ualach riaracháin breise do na Ballstáit.

Ina fhreagraí, d’áitigh an Coimisiún gur urramaíodh prionsabal na coimhdeachta sa togra. Chuir sé i dtábhacht, maidir leis an gcineál iompair ina mbagraítear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhroinnt chun tuilleadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a fháil, go raibh an t-iompar sin cumhdaithe le forálacha eile sa togra. Maidir le ról na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, shoiléirigh an Coimisiún nach nglacfaidís cúraimí chucu féin ar cheart do na húdaráis náisiúnta iad a dhéanamh. Ina ionad sin, bhí gá leis na forálacha ábhartha chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghníomhaíochtaí na mbeolínite náisiúnta agus eagraíochtaí comhchosúla eile. Thug an Coimisiún dá aire an moladh ó *Bundesrat* na Gearmáine laghdú a dhéanamh ar na hoibleagáidí bailithe sonraí a iarradh faoin togra, ach d’áitigh sé go raibh bailiú sonraí maidir le cosc agus

---

<sup>83</sup> COM(2024) 60 final – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (athmhúnlú).

cúnamh d'íospartaigh fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbearta a rinneadh sa réimse sin.

D'eisigh roinnt Parlaimintí náisiúnta tuairimí i ndáil leis na tograí le haghaidh Rialachán<sup>84</sup> (7 dtuairim, lena n-áirítear tuairim réasúnaithe amháin) maidir le **feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac**, agus Treoir<sup>85</sup> (6 thuairim) lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac. Ina thuairim réasúnaithe, d'áitigh *Riksdag* na Sualainne gur bhain gnéithe áirithe den togra an iomarca d'inniúlacht na mBallstát agus d'iarr sé go ndéanfaí anailís níos doimhne ar an ngá atá leis na bearta a bhí beartaithe agus ar chomhréireacht na mbearta sin, go háirithe leathnú an tsainordaithe oibríochtúil atá ag Europol. Rinne sé gearán nach raibh measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. Cháin *Bundesrat* na Gearmáine freisin go mbunódh an rialachán féin lárionad atá ceangailte le Europol, bhraith sé gur cheart an cinneadh sin a fhágáil faoi Bhord Bainistíochta Europol agus mheas sé gur cheart an togra a scrúdú go ginearálta ó thaobh urramú na comhréireachta de. D'iarr sé go dtabharfaí soiléiriú ar chúraimí Europol, Eurojust, agus Frontex agus ar inniúlachtaí na saineolaithe agus na n-oifigeach idirchaidrimh a chuirfear ar iasacht chuig an lárionad nua. Ba dhíol sásaimh do *Camera dei Deputati* na hIodáile leathnú dhlínse an Aontais sa réimse sin, ach chuir an seomra sin ábhair inmí in iúl faoin ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sonraí staidrimh a bhailiú agus a thuairisciú. D'áitigh sé freisin gur cheart athsmaoineamh a dhéanamh ar na díolúintí le haghaidh gníomhaíochtaí daonnúla. Cé gur thacaigh an dá sheomra Seiceach leis na tograí ar an iomlán, chuir siad ábhair inmí in iúl faoin ualach a d'fhéadfadh a bheith ar bhuiséad an stáit agus ar an timpeallacht shóisialta, chomh maith leis an ngá atá le roinnt soiléirithe agus le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a chomhchuihbhiú. Chuir *Camera Deputaților* na Rómáine i dtábhacht a thábhachtaí atá sé idirdhealú soiléir a dhéanamh idir imirce neamhrialta a éascú agus cabhair dhaonnúil a sholáthar, agus d'iarr sé go ndéanfaí cosaint chearta agus chúnamh na n-imirceach a áirithiú. Sheol *Eerste Kamer* na hÍsiltíre sraith ceisteanna ó ghrúpaí polaitiúla maidir leis an dá thogra inar cuireadh ábhair inmí in iúl faoi leathnú shainordú Europol agus faoi chomhréireacht an leathnaithe sin. Trína gcuid ceisteanna, chuir roinnt grúpaí parlaiminteacha inmí in iúl freisin faoin tionchar ar eagraíochtaí cabhrach daonnúla, a raibh – dar leo – coiriúlú córasach déanta orthu le blianta beaga anuas agus d'iarr siad go dtabharfaí soiléiriú ar an idirdhealú idir cúnamh daonnúil agus gáinneáil ar dhaoine.

Ina fhreagraí, shoiléirigh an Coimisiún go gcuirfeadh an lárionad atá le cruthú feabhas ar chomhordú agus ar thacaíocht do na Ballstáit i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar imircigh a chomhrac. Ina fhreagraí ar *Riksdag* na Sualainne agus ar *Bundesrat* na Gearmáine, chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh na tograí riachtanach agus comhréireach chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar imircigh a chomhrac go héifeachtach, i bhfianaise chineál trasnáisiúnta na gcoireanna sin. Thairis sin, thug sé dá aire an moladh ó *Camera dei Deputati* na hIodáile an díolúine le haghaidh gníomhaíochtaí daonnúla a mhionchoigeartú.

---

<sup>84</sup> COM(2023) 754 final – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794.

<sup>85</sup> COM(2023)755 final – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle.

Spreag an togra le haghaidh **Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna**<sup>86</sup> 7 dtuairim, lena n-áirítear tuairim réasúnaithe amháin<sup>87</sup>. Ina thuairim réasúnaithe, mheas *Riksdag* na Sualainne go raibh an togra ró-fhorleathan, gur imigh sé thar inniúlacht an Aontais a mhéid a bhaineann le hoideachas agus rochtain ar shlándáil shóisialta agus pá, agus nár cuireadh san áireamh ann córais agus coinníollacha éagsúla sna Ballstáit. Sna tuairimí idirphlé pholaitiúil, chuir roinnt seomraí in iúl go raibh sainmhíniú an togra ar thréimhse oiliúna ar neamhréir lena ndlíthe náisiúnta féin agus mheas siad gur ghá raon feidhme chur i bhfeidhm na treorach a shoiléiriú. D'iarr seomra amháin soiléirithe ar infheidhmeacht na treorach i dtaca le hoiliúnaithe ó thíortha nach de chuid an Aontais iad. I gcás dhá sheomra, ní dhearna siad ach a dheimhniú go gcomhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

Ina fhreagraí, chuir an Coimisiún i dtábhacht nár tugadh aghaidh sa togra ach ar dhálaí oibre na n-oiliúnaithe agus nach ndearna sé difear do shaincheisteanna a bhaineann le hábhar foghlama nó oiliúna na dtréimhsí oiliúna ná do rochtain oiliúnaithe ar shlándáil shóisialta. Thairis sin, sa tuarascáil ar an measúnú tionchair<sup>88</sup> a ghabhann lena thogra, d'aithin sé éagsúlacht na gcur chuige rialála atá ag na Ballstáit i leith cineálacha éagsúla tréimhsí oiliúna. D'athdhearbhaigh an Coimisiún nár chuir an togra de cheangal ar na Ballstáit an stádas a thugtar d'oiliúnaithe faoin dlí náisiúnta a athaicmiú ná stádas nua a chruthú. Maidir le sainmhíniú an togra ar 'chúrsa oiliúna', fágadh tagairt do 'chaidreamh fostaíochta' ar lár d'aon ghnó chun lúba ar lár i gcur i bhfeidhm na treorach a sheachaint a mhéid a bhaineann le cosc a chur ar ghnáthphoist a bheith faoi bhréagrioct tréimhsí oiliúna. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go mbeadh feidhm ag an togra i dtaca le hoiliúnaithe ó thíortha nach de chuid an Aontais iad a dhéanann tréimhse oiliúna san Aontas.

Thug na Parlaimintí náisiúnta aird mhór ar an togra le haghaidh Treoir maidir le **bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo**<sup>89</sup> agus spreag sé 7 dtuairim<sup>90</sup>. Sheol dhá sheomra tuairimí fabhracha, agus chuir ceithre sheomra inní in iúl go gcuirfeadh na bearta a bhí beartaithe ualach rialála agus costais ar chuideachtaí, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a n-iomaíochas. D'iarr roinnt seomraí soiléiriú freisin maidir leis an sainmhíniú ar ábhair thrasnáisiúnta. Chomhaontaigh roinnt seomraí gur gá cothromaíocht inscne a bhaint amach, ach chonacthas dóibh go raibh fadhbanna ag baint le cuótaí seasta inscne i gComhairlí Oibreacha Eorpacha.

Ina fhreagraí, mhínigh an Coimisiún go raibh sé d'aidhm ag an togra feabhas a chur ar éifeachtacht an chreata um fhostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar an leibhéal trasnáisiúnta agus breisluach na gComhairlí Oibreacha Eorpacha a mhéadú d'oibrithe agus do chuideachtaí. Bhreithnigh sé roghanna beartais éagsúla ina mheasúnú tionchair agus níor aimsigh sé aon fhianaise maidir le héifeachtaí diúltacha féideartha ar chostais agus iomaíochas praghsanna cuideachtaí, ar iomaíochas idirnáisiúnta, ná ar chumas dul i mbun nuálaíochta. Chuir an Coimisiún

---

<sup>86</sup> COM(2024) 132 final – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagrioct tréimhsí oiliúna a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna').

<sup>87</sup> *Riksdag* na Sualainne (tuairim réasúnaithe), *Camera dei Deputati* na hIodáile (2 thuairim, ceann amháin maidir le COM(2024) 132 final amháin agus ceann eile ina dtagraítear do COM(2024) 133 final freisin), *Senato* na hIodáile, *Senat* na Rómáine, *Cortes Generales* na Spáinne, *Assembleia da República* na Portaingéile.

<sup>88</sup> SWD(2024) 67 final.

<sup>89</sup> COM(2024) 14 final – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/38/CE a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus forfheidhmiú éifeachtach ceart maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo.

<sup>90</sup> *Poslanecká sněmovna* na Seicia, *Camera dei Deputati* na hIodáile, *Senato* na hIodáile, *Senat* na Rómáine, *Bundesrat* na Gearmáine, Oireachtas Éireann, *Cortes Generales* na Spáinne.

in iúl go raibh nasc cúisíoch idir bearta arna moladh i mBallstát amháin agus iarmhairtí arna gcruthú i mBallstát eile ag teastáil faoin sainmhíniú ar ábhair thrasnáisiúnta sa togra. Is éard a bhí beartaithe leis sin cosc a chur ar shaincheisteanna de chineál áitiúil amháin a bheith á bplé i gComhairlí Oibreacha Eorpacha, agus a áirithiú san am céanna go mbeadh na comhairlí sin rannpháirteach nuair ba dhócha go ndéanadh iarmhairtí cinntí bainistíochta difear d'oibrithe i níos mó ná Ballstát amháin. Maidir le cothromaíocht inscne, chuir an Coimisiún i dtábhacht na forálacha a bhí beartaithe go ndéanfaidh páirtithe caibidlíochta iarracht cothromaíocht inscne a bhaint amach, faoi réir í a bheith indéanta go dlíthiúil agus go fíorasach sa chás nithiúil, gan difear a dhéanamh do dlíthe náisiúnta maidir le hionadaithe fostaithe a thoghadh.

**Spreag tuarascáil bhliantúil 2022 maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus maidir le caidreamh leis na Parlaimintí náisiúnta<sup>91</sup>** dhá thuairim a seoladh in 2024. D'fhiafraigh *Riksdag* na Sualainne<sup>92</sup> (i) cén fáth a bhfuil laghdú tagtha ar an líon tuairimí réasúnaithe le blianta beaga anuas, agus é á chur in iúl aige go bhfuil feabhas soiléir tagtha ar na réasúinuithe a thugann an Coimisiún i leith chomhlíontacht a thograí le prionsabal na coimhdeachta ó bhí 2010 ann; (ii) maidir leis na Parlaimintí náisiúnta nach ndéanann aon agóid faoin sásra rialaithe coimhdeachta, an amhlaidh nach ndéanann siad sin toisc nach bhfuil aon agóid acu, nó toisc go gceapann siad nach bhfuil an sásra sin éifeachtach ná iomchuí; agus (iii) an úsáideann na Parlaimintí sin modhanna eile chun tionchar a fheidhmiú. Cháin *Camera dei Deputati* na hIodáile<sup>93</sup> tuarascáil an Choimisiúin as an easpa sonraí staidrimh agus faisnéise maidir le gnéithe éagsúla de fhreagraí an Choimisiúin ar thuairimí na bParlaimintí náisiúnta, amhail measúnú ar a gcaílíocht. D'iarr sé freisin go mbeadh naisc níos láidre ann idir an Coimisiún agus na Parlaimintí náisiúnta, agus rinne sé roinnt moltaí chun feabhas a chur ar an bpróiseas reachtach, lena n-áirítear réasúinuithe níos mionsonraithe i leith tograí, rannpháirtíocht níos mó ó na Parlaimintí náisiúnta, agus measúnuithe tionchair níos fearr. Chuir sé i dtábhacht freisin an gá atá le tuilleadh trédhearcachta i ngníomhaíochtaí na Comhairle agus le rochtain ar a cuid doiciméad, agus mhol sé tús a chur le díospóireacht maidir le cuspóir agus modhanna reachtaíocht an Aontais, go háirithe i bhfianaise mhéadú féideartha an Aontais.

Ba cheart na tuairimí sin a mheas in éineacht leis na hiarrataí agus na tograí, arna gcur in iúl i dteannta a chéile ag na Parlaimintí náisiúnta, in Ionchur chruinniú iomlánach an LXXII COSAC i mí Dheireadh Fómhair 2024<sup>94</sup>. Thug an Coimisiún freagra<sup>95</sup> ar ábhair inní faoin laghdú ar thuairimí réasúnaithe ó na Parlaimintí náisiúnta, ag míniú gur dócha gur mar gheall ar an rath a bhí ar chur i bhfeidhm a chlár oibre agus a uirlisí um Rialáil Níos Fearr, agus go raibh sé ag déanamh seiceálacha níos déine ar an urraim don choimhdeacht agus a thionscnaimh á n-ullmhú aige. Ar an gcaoi chéanna, chuir sé in iúl nach cosúil gur tharla an laghdú mar thoradh ar laghdú coibhéiseach ar na seiceálacha coimhdeachta arna ndéanamh ag na Parlaimintí náisiúnta, toisc gur cumhdaíodh tograí faoi réir rialú coimhdeachta i bhformhór na dtuairimí a d'eisigh siad faoin idirphlé polaitiúil sna 3 bliana roimhe sin, agus sonraíodh go sainráite in go leor de na tuairimí sin go gcomhlíonann na tograí reachtacha prionsabal na coimhdeachta. Mar thaca leis an mbarúil sin, bhí freagraí na bParlaimintí náisiúnta ar an gceistneoir chun an 42ú Tuarascáil Dhébhliantúil ó

---

<sup>91</sup> COM(2023) 640 final a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023.

<sup>92</sup> <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/20392> (leagan SE: <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/20391>).

<sup>93</sup> <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/20388> (leagan IT: <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/20387>).

<sup>94</sup> Féach Roinn 5.2.

<sup>95</sup> C(2024) 5649 final, <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/20407> (leagan SE: <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/20408>), agus C(2024) 7221 final, <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/21001> (leagan IT: <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/21000>).

COSAC a ullmhú chomh maith leis na tuairimí agus na tuairimí réasúnaithe a fuair an Coimisiún inar léiríodh go ndearna 29 seomra ar a laghad as 39 gcinn (21 Pharlaimint náisiúnta as 27 gcinn) seiceálacha coimhdeachta ó bhí 2019 ann. Ní hiad na tuairimí réasúnaithe an t-aon bhealach amháin chun torthaí na seiceála coimhdeachta a dhéanann na Parlaimintí náisiúnta a chur in iúl.

Sa chomhthéacs sin, mheabhraigh an Coimisiún an ról tábhachtach atá ag na Parlaimintí náisiúnta laistigh den chreat bunreachtúil Eorpach agus i múnú bheartais an Aontais. Ina theannta sin, chuir sé i dtábhacht a thacaíocht do na Parlaimintí náisiúnta agus dá ngrinnscrúdú coimhdeachta, lena n-áirítear trí fhreagraí mionsonraithe a thabhairt ar na tuairimí uathu agus aird Chomhaltaí ábhartha an Choimisiúin agus ranna an Choimisiúin a tharraingt ar a n-ábhair inní. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá an t-idirphlé polaitiúil leis na Parlaimintí náisiúnta, rud a chuireann ar a gcumas dóibh rannchuidiú leis an bpróiseas cinnteoireachta, agus thug sé dá aire go bhfuil go leor Parlaimintí náisiúnta ag baint leas as an deis sin a bheith rannpháirteach sna céimeanna níos luaithe den phróiseas. Mhol an Coimisiún do na Parlaimintí náisiúnta páirt a ghlacadh ina ghlaonna ar fhianaise agus ina chomhairliúcháin phoiblí, agus chuir sé in iúl go raibh sé toilteanach an t-idirphlé leis na Parlaimintí náisiúnta a neartú trí bhealaí seanbhunaithe cumarsáide agus comhair. Maidir le cáilíocht fhreagraí an Choimisiúin ar thuairimí ó na Parlaimintí náisiúnta, mheabhraigh an Coimisiún<sup>96</sup> an 37ú Tuarascáil Dhébhliantúil ó COSAC<sup>97</sup>, ar dá réir a dúirt tromlach mór de sheomraí na bParlaimintí náisiúnta gur thug an Coimisiún Eorpach aghaidh tríd is tríd ar na saincheistean a ardaíodh ina dtuairimí laistigh den idirphlé polaitiúil.

## **5. TEAGMHÁLACHA, CUAIRTEANNA, CRUINNITHE, COMHDHÁLACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE**

### **5.1 Cuirteanna an Choimisiúin ar na Parlaimintí náisiúnta agus cruinnithe leo**

Is ar bhealaí éagsúla a dhéantar an t-idirphlé polaitiúil ó bhéal idir an Coimisiún agus na Parlaimintí náisiúnta. Ina measc sin, tá cuairteanna idir Comhaltaí an Choimisiúin agus na Parlaimintí náisiúnta, rannpháirtíocht Chomhaltaí an Choimisiúin i gcrúinnithe coiste idirpharlaiminteacha arna n-eagrú ag Parlaimint na hEorpa agus i gcomhdhálacha, amhail iad siúd arna n-eagrú ag COSAC, seisiúin faisnéise an Choimisiúin do bhuanionadaithe na bParlaimintí náisiúnta sa Bhruiséil agus malartuithe rialta ar chláir oibre an Choimisiúin.

In 2024, ghlac Comhaltaí an Choimisiúin páirt in 57 gcuart ar Pharlaimintí náisiúnta/gcrúinniú le toscaireachtaí na bParlaimintí náisiúnta, lena cumhdaíodh formhór na seomraí (24 cheann as 39 gcinn). Tá sin níos lú ná mar a bhí sna 4 bliana roimhe sin (le 127 gcuart in 2023, 143 cinn in 2022, 130 ceann in 2021 agus 101 cheann in 2020), ach tá sé an-chosúil le líon na gcuirteanna agus na gcrúinnithe san idirbhliain roimhe sin (2019): 55. Ina theannta sin, fuair an Coimisiún líon níos airde cuairteanna ó ghrúpaí foirne in 2024 – agus na grúpaí sin measctha le Feisirí Parlaiminte i gcásanna áirithe – ó Pharlaimintí náisiúnta éagsúla a bhí ag lorg faisnéise ó bhunfhoinse faoi na bealaí idirghníomhaíochta agus na bealaí cumarsáide atá ann cheana idir an Coimisiún agus na Parlaimintí náisiúnta<sup>98</sup>.


---

<sup>96</sup> C(2024) 7221 final, <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/21001> (leagan IT: <https://national-parliaments-opinions.ec.europa.eu/documents/download/21000>).

<sup>97</sup> An 37ú Tuarascáil Dhébhliantúil ó COSAC maidir le forbairtí i nósanna imeachta agus cleachtais an Aontais Eorpaigh atá ábhartha do ghriinnscrúdú parlaiminteach: <https://ipexl.europarl.europa.eu/IPEXL-WEB/download/file/082d29087ee8684c017f0e1b03990203/37th+Bi-annual+Report+of+COSAC.pdf> (lch. 7).

<sup>98</sup> Ní léirítear na cuairteanna sin sa léarscáil thíos.

**An líon cuairteanna ar na Parlaimintí náisiúnta agus an líon cruinnithe leo ó Chomhaltaí an Choimisiúin in 2024 (iomlán i gcás na mBallstát uile: 57)**



## 5.2 Cruinnithe agus comhdhálacha idirpharlaiminteacha

In 2024, bhí Comhaltaí an Choimisiúin rannpháirteach sna cruinnithe idirpharlaiminteacha agus sna comhdhálacha seo a leanas<sup>99</sup>:

- COSAC<sup>100</sup>;
- an tSeachtain Pharlaiminteach Eorpach<sup>101</sup>;
- an Grúpa um Ghrinnschrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach ar Europol<sup>102</sup>;
- comhdhálacha idirpharlaiminteacha éagsúla<sup>103</sup>.

Sa tréimhse thuairiscithe, tionóladh dhá chruinniú de Chathaoirligh COSAC (mí Eanáir agus mí Iúil) agus dhá chruinniú iomlánacha de chuid COSAC (mí an Mhárta agus mí Dheireadh Fómhair) sa Bheilg agus san Ungáir, na tíortha a raibh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh acu ag an am. Eisíodh conclúidí<sup>104</sup>, ionchur<sup>105</sup> agus tuarascáil leathbhliantúil tar éis gach seisiúin iomlánaigh. Ceann de ranna an Ionchuir a eisíodh tar éis sheisiúin iomlánach COSAC i mí an Mhárta, bhí sí beartaithe mar ionchur comhchoiteann ó na Parlaimintí náisiúnta maidir le treoirlínte straitéiseacha 2024-2029, rud nach bhfacthas le linn na n-idirbhlianta institiúideacha roimhe sin in 2014 agus 2019. Sholáthair an Coimisiún freagraí i scríbhinn ar na hionchuir a ghlac COSAC<sup>106</sup>.

Cumhdaíodh na nithe seo a leanas i gcruinnithe COSAC in 2024: (i) tosaíochtaí an dá Uachtaránacht ar an gComhairle (an Bheilg agus an Ungáir); (ii) Colún Eorpach na gCeart Sóisialta; (iii) méadú agus a thionchar ar thodhchaí an Aontais; (iv) an t-athbhreithniú ar reachtas Eorpach 2019-2024 agus na hionchais do chlár oibre straitéiseach na Comhairle le haghaidh 2024-2029; (v) beartas inscne agus ionadaíocht na mban agus na bhfear sa pharlaimint; (vi) uathriail straitéiseach oscailte, daonlathas agus an smacht reachta; (vii) staid na himeartha maidir le méaduithe an Aontais a mhéid a bhaineann leis na Balcáin Thiar agus Oirthear na hEorpa; (viii) staid an Aontais san idirbhliain institiúideach agus cothrom 15 bliana chur i bhfeidhm Chonradh Liospóin; (ix) treochtaí déimeagrafacha Eorpacha agus freagairtí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach; agus (x) slándáil agus cosaint na hEorpa. D'fhreastail na Coimisinéirí Schmit, Breton, agus Várhelyi ar dhá chruinniú de chuid COSAC agus thug an Leas-Uachtarán

<sup>99</sup> Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach tuarascáil Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta: <http://www.europarl.europa.eu/relnatpar/en/home/annual-reports.html>.

<sup>100</sup> Is é COSAC – ina bhfuil stádas breathnóra ag an gCoimisiún – an t-aon fhóram idirpharlaiminteach atá cumhdaithe sna Conarthaí (i bPrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach). Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach <https://secure.ipex.eu/IPEXL-WEB/conferences/cosac>.

<sup>101</sup> Tugann an tSeachtain Pharlaiminteach Eorpach parlaiminteoirí ó thíortha an Aontais, ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is breathnóirí le chéile chun ábhair eacnamaíocha, buiséadacha, comhshaoil agus sóisialta a phlé. In 2024, tionóladh í an 12-13 Feabhra. Thug an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Dombrovskis príomhráiteas sa seisiún tosaigh. Chuir an Coimisinéir McGuinness tús leis an malartú tuairimí le lucht ceaptha beartas ó Chruinniú Coiste Idirpharlaiminteach an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta a raibh cuireadh tugtha dóibh. Thug an Coimisinéir Hahn ráiteas tosaigh le linn an tseisiúin dar téama ‘Ceachtanna a foghlaimíodh ó NextGenerationEU: peirspictíochtaí náisiúnta agus AE maidir leis an gcaoi ar féidir freagairt le buiséad an Aontais i dtráth géarchéime’ a réachtáladh mar chuid de Chruinniú Coiste Idirpharlaiminteach an Choiste um Buiséid.

<sup>102</sup> Thionóil an Grúpa um Ghrinnschrúdú Parlaiminteach Comhpháirteach ar Europol a 14ú agus a 15ú cruinniú an 18-19 Feabhra i nGent (na Beilge) agus an 12 Samhain i bParlaimint na hEorpa. D'fhreastail an Coimisinéir Johansson ar an gcéad chruinniú i bpearsa agus thug sí teachtaireacht físe le linn an dara cruinniú.

<sup>103</sup> D'fhreastail an Coimisinéir Várhelyi agus an tArdionadaí/Leas-Uachtarán Borrell ar an gcomhdháil idirpharlaiminteach maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBES/CBSC) a tionóladh an 9-10 Meán Fómhair. Thug an Coimisinéir Ferreira teachtaireacht físe ag an gcomhdháil idirpharlaiminteach maidir le cobhsaíocht, comhordú eacnamaíoch agus rialachas san Aontas Eorpach (mí Dheireadh Fómhair).

<sup>104</sup> [Conclúidí arna nglacadh ag an COSAC LXXI](#) agus [Conclúidí arna nglacadh ag an COSAC LXXI](#) (in EN agus FR).

<sup>105</sup> [Ionchur arna ghlacadh ag COSAC LXXI](#) agus [Ionchur arna ghlacadh ag COSAC LXXI](#) (in EN agus FR).

<sup>106</sup> [Freagra an Choimisiúin ar ionchur arna ghlacadh ag an LXXI COSAC \(iarscríbhinn\)](#) agus [Freagra an Choimisiúin ar ionchur arna ghlacadh ag an LXXII COSAC \(iarscríbhinn\)](#) (le fáil in EN).

Feidhmiúcháin Šeřčovič teachtaireacht fise ag an LXXII seisiún iomlánach, teachtaireacht inar chuir sé i dtábhacht go mbeadh ról ceannasach ag na Parlaimintí náisiúnta fós sna cúig bliana ina dhiaidh sin.

Maidir lena rannpháirtíocht i gceapadh beartas an Aontais, rinne na Parlaimintí náisiúnta roinnt iarrataí agus moltaí a chur le chéile go comhphárteach in Ionchur chruinniú iomlánach an LXXII COSAC i mí Dheireadh Fómhair 2024. Is fiú a lua gur iarr siad an méid seo a leanas: (i) go dtabharfaí ceart indíreach maidir le tionscnamh reachtach dóibh i bhfoirm ‘cárta ghlais’; (ii) rochtain fheabhsaithe ar dhoiciméid na Comhairle; (iii) rannpháirtíocht rialta Chomhaltaí an Choimisiúin i gcruinnithe COSAC; (iv) idirphlé méadaithe idir na Parlaimintí náisiúnta agus an Coimisiún, go háirithe nuair a dhréachtaíonn an Coimisiún a threoirlínte straitéiseacha agus a chlár oibre bhliantúla; agus (v) go n-éascófaí grinnscrúdú coimhdeachta tríd an sprioc-am a thugtar do na Parlaimintí náisiúnta a shíneadh ó 8 seachtaine go 10 seachtaine agus an tairseach chun an ‘cárta buí’ a ghníomhachtú a íslíú go dtí an ceathrú cuid de na vótaí a chaitear.

Ina fhreagra, chomhaontaigh an Coimisiún le COSAC go bhfuil ról ríthábhachtach ag na Parlaimintí náisiúnta maidir le luachanna daonlathacha a neartú, léirigh sé go bhfuil sé réidh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an idirphlé leo, agus mhol sé dóibh a bheith rannphárteach sa phróiseas polaitiúil ag céim níos luaithe, is é sin nuair a bhíonn reachtaíocht nua ar leibhéal an Aontais á breithniú agus á hullmhú. I ndáil leis sin, d’aithin an Coimisiún ionchur comhchoiteann na bParlaimintí náisiúnta sa chlár oibre straitéiseach le haghaidh 2024-2029 trí Ionchur an LXXI COSAC agus mhol sé go leanfaí den chineál sin rannpháirtíochta comhchoitinne amach anseo. Ba dhíol sásaimh dó freisin na tuairimí agus an fhaisnéis, mar chuid den idirphlé polaitiúil, ó na Parlaimintí náisiúnta maidir lena dtosaíochtaí féin i ndáil leis na míreanna a léirítear i gclár oibre an Choimisiúin atá glactha. D’fhéadfadh ionchur den sórt sin a bheith ina ghné luath den ghrinnscrúdú a dhéanann na Parlaimintí náisiúnta ar urramú na coimhdeachta i reachtaíocht an Aontais freisin. Thug an Coimisiún dá aire an togra ó COSAC an grinnscrúdú coimhdeachta a dhéanann na Parlaimintí náisiúnta a neartú a thuilleadh trína sprioc-am a shíneadh ó 8 seachtaine go 10 seachtaine agus tríd an tairseach chun an ‘cárta buí’ a ghníomhachtú a íslíú. Chreid sé, áfach, go bhfuil deiseanna ann cheana féin chun cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta i reachtaíocht an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, ach an t-idirphlé polaitiúil agus na cruinnithe idirpharlaiminteacha idir na Parlaimintí náisiúnta agus an Coimisiún a ghéarú<sup>107</sup>, rud a bhfuil éifeacht níos láithrí aige ná na bearta sin a mbeadh athruithe ar na Conarthaí ag teastáil lena n-aghaidh.

## 6. RÓL NA BPARLAIMINTÍ RÉIGIÚNACHA

Rannchuidíonn na Parlaimintí réigiúnacha ar bhealach indíreach le grinnscrúdú na coimhdeachta. Faoi Phrótocal Uimh. 2, is faoi gach Parlaimint náisiúnta, agus an tseiceáil coimhdeachta á déanamh aici do dhréachtghníomhartha reachtacha an Aontais d’fhonn tuairimí réasúnaithe a eisiúint, dul i gcomhairle, nuair is iomchuí, le Parlaimintí réigiúnacha a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu.

Déantar ionadaíocht ar Fheisirí na bParlaimintí réigiúnacha i gCoiste Eorpach na Réigiún freisin. Déanann an Coiste obair faireacháin tríd an Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht agus trína

---

<sup>107</sup> Mar a tharla in 2023, in 2024 níor úsáideadh ach oiread an fhéidearthacht malartuithe neamhfhoirmiúla COSAC ar líne a eagrú le Comhaltaí an Choimisiúin, rud a bunaíodh in 2021 agus a lean ar aghaidh in 2022.

ardán ar líne (REGPEX) atá ceaptha chun tacú le rannpháirtíocht na bParlaimintí réigiúnacha a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu sa sásra luathrabhaidh maidir le coimhdeacht<sup>108</sup>.

Ní dhéantar foráil go sainráite sna Conarthaí maidir le hidirghníomhú díreach idir an Coimisiún agus na Parlaimintí réigiúnacha, ach cuireann an Coimisiún a n-ionchuir san áireamh agus tugann sé freagraí orthu. Lean roinnt Parlaimintí réigiúnacha<sup>109</sup> de rúin a chur faoi bhráid an Choimisiúin: tíolacadh 38 rún in 2024, i gcomparáid le 32 cheann in 2023, 72 cheann in 2022, 50 ceann in 2021 agus 33 cinn in 2020. Dhírigh cuid acu ar Theachtaireachtaí<sup>110</sup> agus ar thograí<sup>111</sup> sonracha ón gCoimisiún, agus phléigh cuid eile acu saincheistanna tráthúla éagsúla eile. Bhí páirtithe eile rannpháirteach i gcomhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin, cé nár bhain ach Parlaimint réigiúnach amháin, a chuir freagraí isteach ar roinnt comhairliúchán poiblí a sheol an Coimisiún, úsáid ghníomhach as an gcainéal sin go dtí seo<sup>112</sup>. Bhain Parlaimint réigiúnach amháin úsáid as cainéal eile, agus chuir sí 5 thuairim isteach trína Parlaimint náisiúnta<sup>113</sup>.

## 7. CONCLUÍD

B'idirbhliain í 2024, rud a bhí le braith i ngnéithe éagsúla den chaidreamh idir an Coimisiún agus na Parlaimintí náisiúnta. Chiallaigh sé sin gur eisigh na Parlaimintí náisiúnta níos lú tuairimí ná mar a eisíodh sna 4 bliana roimhe sin, cé nach raibh an laghdú chomh tobann agus a bhí in 2019, an idirbhliain roimhe sin. I gcomparáid le blianta eile, bhí níos lú tuairimí ann maidir le tograí faoi réir grinnscrúdú coimhdeachta; bhí níos lú cuairteanna agus cruinnithe ann, ach bhí líon na gcuairteanna agus na gcrúinnithe beagnach mar an gcéanna leis an idirbhliain roimhe sin; agus ní raibh Comhaltaí an Choimisiúin chomh rannpháirteach céanna in imeachtaí idirpharlaiminteacha.

---

<sup>108</sup> <http://portal.cor.europa.eu/subsidiarity/regpex/Pages/default.aspx>. Féach Roinn 2.4 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le gníomhaíochtaí rialaithe coimhdeachta Choiste Eorpach na Réigiún.

<sup>109</sup> Na Parlaimintí réigiúnacha seo a leanas: an Vallúin, Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile agus Pobal na Gearmáinise sa Bheilg (an Bheilg); An Bhaváir agus Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht (an Ghearmáin); na hOileáin Bhailéaracha, Tír na mBascach agus Navarra (an Spáinn); Emilia-Romagna (an Iodáil); Salzburg agus an Ostair Uachtarach (an Ostair); Subcarpathia (an Pholainn); Comhdháil Eorpach Uachtaráin Pharlaimintí réigiúnacha na Gearmáine agus na hOstaire, Tionól Réigiúnach na Tioróile Theas, Parlaimint Phobal na Gearmáinise sa Bheilg, mar aon le *Bundestag* agus *Bundesrat* na Gearmáine, agus *Bundesrat* na hOstaire; an Chomhairle Parlaiminteoirí Idir-Réigiúnach (Saarland agus Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht (an Ghearmáin); Grand Est (an Fhrainc); Lucsamburg (Lucsamburg); an Vallúin, Cónaidhm na Vallúine-na Bruiséile agus Pobal na Gearmáinise sa Bheilg (an Bheilg). Ba iad na Parlaimintí réigiúnacha ba ghníomhaí Parlaimint na Baváire (12 rún) agus Parlaimint na nOileán Bailéarach (11 rún). Rinne Comhdháil Eorpach Uachtaráin Pharlaimintí réigiúnacha na Gearmáine agus na hOstaire, Tionól Réigiúnach na Tioróile Theas, Parlaimint Phobal na Gearmáinise sa Bheilg, mar aon le *Bundestag* agus *Bundesrat* na Gearmáine, agus *Bundesrat* na hOstaire 3 rún a eisiúint, d'eisigh Pobal na Gearmáinise sa Bheilg 2 rún agus d'eisigh na cinn eile 1 rún amháin an ceann.

<sup>110</sup> Scórchlár Ceartais AE 2023 agus 2024 (COM(2023) 309 final agus COM(2024) 950 final), Tuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta (COM(2023) 800 final) agus an Teachtaireacht dar teideal 'Ár dtodhchaí a dhaingniú Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodracht faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil' (COM(2024) 63 final).

<sup>111</sup> An togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (COM(2023) 316 final), an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (COM(2023) 719 final), an togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun constaicí dlí agus riaracháin a réiteach i gcomhthéacs trasteorann (COM(2023) 790 final) agus an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) (COM(2023) 416 final).

<sup>112</sup> Chuir Parlaimint réigiúnach na Baváire ionchuir isteach do 5 chomhairliúchán phoiblí le haghaidh tionscnaimh faoi bheartais éagsúla, i gcomparáid le 6 cinn in 2023 agus breis agus 20 ceann in 2023.

<sup>113</sup> Parlaimint Fhlóndras, ag gníomhú di mar chuid de chóras parlaiminteach *náisiúnta* na Beilge de réir Dhearbhú 51 a ghabhann leis na Conarthaí, rinne sí 5 thuairim a tharchur trí Rúnaíocht Chomhdháil Uachtaráin na dTionól Parlaiminteach, agus seoladh aici ag *Sénat/Senaat* na Beilge. Dá bhrí sin, chláraigh an Coimisiún iad go teicniúil mar thuairimí ó *Sénat/Senaat* na Beilge, agus thug sé freagra orthu tríd an *Sénat/Senaat* agus go díreach chuig an bParlaimint réigiúnach.

Arís, ba Pharlaimint náisiúnta amháin a d'eisigh an chuid is mó de na tuairimí réasúnaithe, sa chás seo *Riksdag* na Sualainne. Lean Parlaimintí náisiúnta de spéis mhór a léiriú i gclár oibre an Choimisiúin agus d'eisigh siad 10 dtuairim maidir le clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2023, arb é an líon céanna le heagrán 2022. Lean Parlaimintí réigiúnacha de bheith ag idirghníomhú leis an gCoimisiún trí níos mó rún a sheoladh ná mar a rinneadh an bhliain roimhe sin, ar rúin iad maidir le saincheisteanna tráthúla éagsúla.

Is iad seo a leanas na forbairtí suntasacha, ar forbairtí nua cuid acu, a rinneadh in 2024 a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear sa tuarascáil seo:

- d'eisigh na Parlaimintí náisiúnta líon ard tuairimí féintionscnaimh réamhbhreathnaitheacha;
- bhí rannpháirtíocht na bParlaimintí náisiúnta san idirphlé polaitiúil beagán níos forleithne ná mar a bhí sna blianta roimhe sin agus ní raibh sí chomh dírithe céanna ar na Parlaimintí/seomraí is gníomhaí;
- lean na Parlaimintí náisiúnta de bheith ag fiosrú bealaí solúbtha chun bheith rannpháirteach san idirphlé polaitiúil, amhail trí theacht le chéile i ngrúpaí agus tuairimí féintionscnaimh a chomhshíniú;
- d'eisigh dhá Pharlaimint náisiúnta tuairimí maidir leis an eagrán roimhe seo den tuarascáil bhliantúil maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus maidir le caidreamh leis na Parlaimintí náisiúnta agus, i measc nithe eile, rinne siad machnamh ar ról na bParlaimintí náisiúnta;
- rinne na Parlaimintí náisiúnta iarrataí agus moltaí maidir le neartú a ról i gceapadh beartas an Aontais a chur le chéile go comhpháirteach trí COSAC freisin, ar thug an Coimisiún freagra orthu ar bhealach cuiditheach;
- bhí sé beartaithe ag na Parlaimintí náisiúnta go mbeadh Ionchur an LXXI COSAC ó mhí an Mhárta 2024 ina ionchur comhpháirteach don chlár oibre straitéiseach le haghaidh 2024-2029, an timthriall institiúideach nua;
- bhí an chéad chás caingne ann a thug seomra náisiúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inar iarradh gníomh reachtach a chur ar neamhní, ag maíomh gur sháraigh rialachán inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus gur sháraigh sé prionsabal na coimhdeachta<sup>114</sup>.

Maidir le cur chun feidhme phrionsabal na comhréireachta, chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh foráil de rialachán ar neamhní<sup>115</sup>, ar foráil í a cuireadh le téacs thogra an Choimisiúin le linn na caibidlíochta reachtaí. Chinn an Chúirt nár shuigh na comhrechtóirí go raibh faisnéis leordhóthanach acu a chuirfeadh ar a gcumas dóibh comhréireacht a leasaithe reachtaigh, lenar tugadh isteach an fhoráil shonrach sin, a mheasúnú agus a leagan amach go haonchiallach.

---

<sup>114</sup> Ós rud é go bhfuil na himeachtaí fós ar siúl, cumhdófar an cás sin (C-553/24) in eagrán atá le teacht den tuarascáil bhliantúil seo.

<sup>115</sup> Pointe 1(3) de Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO 2020 L 249, lch. 17).